# SEIRḂÍS ṖEANNAIDE,

ar ċóir feiḋm a ḃaint aisti an ċéad lá den Ċarġas, agus ar uaire eile faoi mar a ċinnfiḋ an tOrdaiṫeoir.

¶ Tar éis Urnaí na Maidine, agus críoċ curṫa leis an Liodán de réir an ġnáṫnóis, déarfaiḋ an Sagart, agus é in ionad na Léiṫeoireaċta, nó sa Ċrannóg,

A ḂRÁIṪRE, ón seanaimsir anuas tá gnás diaga san Eaglais go dtugtaí teagasc do ḋaoine Críostúla i moḋ sonraċ i dtús an Ċarġais faoin mórḟearg a ḃíos ar Ḋia leis an bpeaca, agus go gcorraítí iad tríd sin ċun aiṫreaċais ḋéin ḋílis, sula gcruatáí aon duine acu trí ċealg an ṗeaca.

Ag cuiṁneaṁ dúinn, mar sin, go noċtar fíoċ Dé ó neaṁ in aġaiḋ an uile neaṁḋiagaċta agus an uile neaṁḟíréantaċta, fillimis ċun an Tiarna Dia go croíḃrúite, croí-uṁal; ag déanaṁ doilís agus bróin faoinár mbeaṫa ṗeacúil, ag adṁáil agus ag faoistin ár gcoireanna, agus ag iarraiḋ torṫaí diongḃáilte an aiṫreaċais a ṫaḃairt uainn.

Óir tá an tua anois curṫa ċun préiṁe na
gcrann, ionas go leagfar gaċ crann
naċ dtugann torṫaí maiṫe uaiḋ,
agus go dteilgfear sa tine é. Is Maṫa 3. 10.
ní uaṁnaċ titim isteaċ i láṁa an
Dé ḃeo: fearfaiḋ sé dola ar na Eaḃ. 10. 31.
peacaiġ, tine agus ruiḃ, gaoṫ ṁór
agus doininn; sin an deoċ a ḃeas Salm 11. 6.
acu le n-ól. Óir féaċ, tá an Tiarna
tagṫa amaċ as a ionad ċun cuairt Ísáia 26. 21.
a ṫaḃairt ar urċóid na droinge
atá ina gcónaí ar an talaṁ. Aċ cé a
ḟéadfas lá a ṫeaċta a ḟulaingt? Cé
a ṡeasfas nuair a ṫaispeánfas sé Mal. 3. 2.
é féin? Tá a ġaoṫrán ina láiṁ, Maṫa 3. 12.

agus glanfaiḋ sé a urlár, agus cruinneoiḋ
sé a ċruiṫneaċt isteaċ sa scioból; aċ loiscfiḋ
sé an ċáiṫ le tine naċ féidir a 1 Teasal. 5.
múċaḋ. Tá lá an Tiarna ag teaċt 2, 3.
mar ġadaí san oíċe: agus nuair a deir daoine,
Síoċáin, agus nuair atá gaċ uile ní gan ḃaol,
ansin tiocfaiḋ scrios obann orṫu, mar ṫagann
a pianta ar ḃean i luí seoil, agus ní raċaiḋ
siad slán as. Is ansin a ḟeicfear díbeirg Dé
i lá an díoltais a rinne peacaiġ ċeanndána
a ċarnaḋ orṫu féin, trí easurramaċt a gcroí;
a ṫarcaisniġ maiṫeas, foiġne, agus Róṁ. 2. 4, 5.
fadḟulaingt Dé, an tan a ġair sé
de ġnáṫ orṫu ċun aiṫreaċais. Is Maṫa 25, 10, 11, 12.
ansin a ḃeiḋ sé róṁall le bualaḋ
ar an doras, an tan a ḃeas an doras dúnta,
agus róṁall le trócaire a iarraiḋ, an tan a ṫag-
ann aimsir an fíorċirt. Uċ, glór uafásaċ an
ḃreiṫiúnais is córa, a ṫaḃarfar orṫu an tan
a déarfar leo, Imíġí, a ḋaoine mall-
aiṫe, isteaċ sa tine ṡíoraí atá Maṫa 25. 41.
ullmaiṫe don diaḃal agus dá aingil.

Ar an áḃar sin, a ḃráiṫre, 2 Coir. 6. 2.
tugaimis aire in am an ḟaid agus
a ṁaireas lá an tslánaiṫe; óir tá
an oíċe ag teaċt, nuair naċ ḃféadann Eoin 9. 4.
aon duine obair a ḋéanaṁ. Aċ
creidimis sa solas, an faid Eoin 12. 35, 36.
agus atá an solas againn, agus
gluaisimis mar ċlann an tsolais; Maṫa 25, 30.
ionas naċ dteilgtear isteaċ sa
dorċadas amuiġ sinn, mar a ḃfuil gol agus
gíoscán fiacal. Ná tugaimis masla do
ṁaiṫeas Dé, atá ag gairm go trócaireaċ



orainn ċun leasaiṫe, agus dá ṫrua gan ċríoċ a
ġeall maiṫiúnas dúinn ina ndeaċaiġ ṫarainn,
má iompaímid air féin le croí iomlán fíor.
Óir cé go mbí ár bpeacaí ċoṁ
dearg le scarlóid, déanfar ċoṁ geal Isáia 1. 18.
le sneaċta iad; agus cé go mbíd
cosúil le corcar, déanfar ċoṁ geal le holann
iad. Iompaíġí (a deir an Tiarna) ó ḃur n-ur-
ċóid uile, agus ní ḃeiḋ ḃur bpeaca
ina scrios daoiḃ. Teilgiġí uaiḃ Esec. 18. 30, 31, 32.
ḃur neaṁḋiagaċt uile a rinne siḃ:
Déanaiġí daoiḃ féin croí nua, agus sprid nua:
Cad ina ṫaoḃ a ḃfaiġiḋ siḃ bás, siḃse, a ṫeaċ
Iosrael, arna ṫuiscint naċ ḃfuil aoiḃneas ar
biṫ agamsa i mbás an duine a éagas, a deir an
Tiarna Dia? Ar an áḃar sin iompaíġí, agus
mairfiḋ siḃ. Cé gur peacaíomar,
tá aḃcóide fós againn i bfoċair an 1 Eoin 2. 1, 2.
Aṫar, Íosa Críost an fíréan; agus
is eisean an íobairt réitiġ ar son ár bpeacaí.
Óir goineaḋ é faoinár gcoireanna, agus
buaileaḋ é faoinár n-urċóid. Ar Isáia 53. 5.
an áḃar sin fillimis ċuigesean,
a ġaḃas go trócaireaċ leis na peacaiġ fíor-
aiṫríoċa; ar mbeiṫ dearfa dúinn go ḃfuil
sé réiḋ ċun ár n-aṫġlacta, agus fíorṫoilteanaċ
ċun maiṫiúnas a ṫaḃairt dúinn, má ṫagaimid
ċuige le haiṫreaċas dílis; má umlaímid dó,
agus siúl uaiḋ seo amaċ ina ṡliṫe;
má ġlacaimid a ċuing ṡáṁ, agus a Maṫa 11. 29. 30.
ualaċ éadrom orainn, lena leanúint
in uirísleaċt, i bfoiġne, agus i gcartanaċt,
agus sinn a ḃeiṫ ag ár dtreorú le stiúrú
a Spioraid Naofasan; de ġnáṫ ag iarraiḋ

a ġlóiresean, agus ag déanaṁ na seirḃíse
is dual dó inár n-uile ṡlí ḃeaṫa le breiṫ
ḃuíoċais. Má déanaimid é sin, fuasclóiḋ
Críost sinn ó anaċain an dlí, agus ón trom-
ṁallaċt úd a ṫiteas ar an drong, a ṡuífiḋ sé
ar an láiṁ ċlé; agus cuirfiḋ sé
ar a láiṁ deas sinn, agus Maṫa 25. 33, 34.
taḃarfaiḋ dúinn beannaċt ġrástúil
a Aṫar, ag aiṫne dúinn seilḃ a Ríoċta
glórṁaire a ġlacaḋ: Ċuige sin go ndeonaí
sé ár mbreiṫ uile, trína ṫrócaire gan ċríoċ.
Áiméan.

Agus anois, a ḃráiṫre, impím oraiḃ maċnaṁ a déanaṁ go rúnda in ḃur gcroí ar aiṫeanta Dé, agus, do ḃur n-umlú féin roiṁe, smaoineaṁ ar ḃur sliṫe, agus siḃ go moḋúil ar ḃur nglúna.

¶ Ansin déarfaiḋ an Ministir na ráite seo leanas atá cruinniṫe as an Scrioptúr naofa, agus ag fágáil aċar gearr le haġaiḋ guíoċtainte tostaí, gaċ aon duine ar a ġlúna.

IS Í is túisce de na haiṫeanta uile, Éist,
a Iosrael, is aon Tiarna aṁáin ár dTiarna
Dia; agus gráiġse do Ṫiarna Dia Marc. 12. 29, 30.
ó do ċroí go hiomlán, agus ó d'anam
go hiomlán, agus ó d'intinn go hiomlán, agus
ó do neart go hiomlán: is í sin an ċéad aiṫne.
Ní féidir d'aon duine seirḃís a déanaṁ
do ḃeirt ṁáistir: óir beiḋ fuaṫ Maṫa 6. 24.
aige do duine acu, agus grá don
duine eile; sin, nó cloífiḋ sé le duine acu
agus beiḋ droċṁeas aige ar an duine eile.
Ní féidir daoiḃ seirḃís a déanaṁ do Ḋia
agus do Ṁammon.
Bíoḋ grásta orainn, trína ndéanaimid



seirḃís taiṫneaṁaċ do Ḋia le
hurraim agus le heagla diaga: Eaḃ. 12. 28, 29.
óir is tine ḋianloisceneaċ ár
nDiana.
Naofa, Naofa, Naofa, an Tiarna Taisp. 4. 8.
Dia Uileċuṁaċtaċ, a ḃí, agus atá,
agus atá le teaċt.
Loirgiġí ar dtús ríoċt Dé, agus Maṫa 6. 33.
a ḟíréantaċt.
Gan ċoṁċruinniú i gceann a ċéile Eaḃ. 10. 25.
a ṫréigean, ar nós daoine áiriṫe;
aċ ḃeiṫ ag gríosaḋ a ċéile.
A ċlann, ḃígí uṁal do ḃur Eif. 6. 1.
n-aiṫreaċa agus do ḃur máiṫreaċa sa
Tiarna: óir is é ḃur ndualgas é.
Tugaigí a ċeart féin don uile duine:
cáin don duine dar dual cáin; Róm. 13. 7.
custam don duine dar dual
custam; ómós don duine dar dual ómós;
urraim don duine dar dual urraim.
An té atá gan ġrá dá ḃráṫair fanann sé
sa ḃás. Cibé duine a ḃfuil 1 Eoin 3. 14–18.
fuaṫ aige dá ḃráṫair is dúnṁarfóir
é: agus tá a fios agaiḃ naċ ḃfuil an ḃeaṫa
ṡíoraí ag dúnṁarfóir ar biṫ, ina cónaí ann.
Cibé duine a ḃfuil maoin an tsaoil seo aige,
agus a ḟeiceann easpa ar a ḃráṫair, agus a
ṡéanas a ṫrócaire air, conas a ċónaíos grá
Dé ann? A leanaí, ná tugaimis grá i mbriaṫra,
ná leis an dteanga; aċ i ngníoṁ agus i ḃfírinne.
Naċ eol daoiḃ go ḃfuil ḃur gcorp mar
ṫeampall ag an Spiorad Naoṁ, an 1. Coir. 6. 19, 20.
Spiorad atá ionaiḃ, a fuair siḃ
ó Ḋia, agus naċ liḃ féin siḃ? Óir ceannaioḋ

siḃ go daor; dá ḃrí sin tugaigí glóir do Ḋia in ḃur gcorp.

Ní ċun neamġlaine a ġlaoiġ Ḋia 1 Teasal. 4. 7.
sinn, aċ ċun naofaċta.

Ag cur na bréige uaiḃ, laḃraiḋ gaċ duine
agaiḃ an ḟírinne lena ċomarsa: Eif. 4. 25, 28.
óir is baill dá ċéile sinn.

An té a rinne goid, ná goideaḋ sé feasta: aċ ina ċoinne sin déanaḋ sé saoṫar, ag déanaṁ maiṫeasa lena láṁa, ċun go mbí rud éigin aige le dáil dósan a mbíonn easnaṁ air.

Ná cáinigí a ċéile, a ḃráiṫre. Séamas 4. 31.
An té ċáineas a ḃráṫair, nó a ṫugann breiṫ ar a ḃráṫair, cáineann sé an dlí, agus tugann sé breiṫ ar an dlí.

Go gcuirtear uaiḃ gaċ seirḃe, agus aingíoċt,
agus fearg, agus caismirt, agus
iṫiomrá, agus an uile ṡagas droċ- Eif. 4. 31.
rúin.

Tugaigí aire, agus seaċnaigí siḃ Lúcás 12. 15.
féin ar an tsaint: óir ní i ḃflúirse a ḃfuil aige atá beaṫa an duine.

Is mór an t-áḃar tairḃe an cráḃaḋ, aċ
sástaċt aigne a ḃeiṫ in éineaċt
leis. Na daoine gur rún leo ḃeiṫ 1 Tim. 6. 6, 9, 10.
saiḃir, titeann siad isteaċ i gcaṫú agus i ngaiste, agus ina lán ainmianta éigiallaí, díoḃálaċa, a ḃánn daoine in aimleas agus i ndamnú.

¶ *Ansin déarfaiḋ an Ministir,*

FÉAĊ mé, a Ḋia, agus breaṫnaiġ an mianaċ atá i mo ċroí: promaiġ mé agus scrúdaiġ mo smaointe: agus amarc an ḃfuil aon



tsliṫeantaċt ionam, agus ḃí do mo ṡeolaḋ ar ṡlí na síoraíoċta.

Má deirimid go ḃfuilimid gan ṗeaca, táimid dár meallaḋ féin, agus níl an ḟírinne ionainn. Má admaímid ár bpeacaí, tá seisean dílis, fíréanta ċun ár bpeacaí a ṁaiṫeaṁ dúinn, agus ċun sinn a ġlanaḋ ó gaċ neaṁḟíréantaċt.

¶ *Ansin, gaċ duine fós íslite ar a ġlúna, déarfaiḋ an Sagart agus na Cléiriġ an Salm seo, iad ar a nglúna (san áit ina ndeirid an liodán de ġnáṫ):*

Miserere mei, Deus. Salm 51.

Ḃí trócaireaċ dom, a Ḋia, de réir do ṁór-ṁaiṫeasa: de réir méid do ṫrócaire scrios amaċ mo ċionta.

Niġ mé ar fad óm urċóid: agus glan mo ṗeaca díom.

Óir admaím mo loċta: agus bíonn mo ṗeaca de ṡíor os mo ċoinne.

Is i d'agaid amáin a ṗeacaiġ mé, agus a rinne mé an ní is olc i do ṡúile: ar ṁoḋ go mb'ḟíréanta do ḃriaṫar, agus naċ mbeaḋ smúid ar do ḃreiṫiúnas.

Féaċ, is in urċóid a deallbaíoḋ mé: is i bpeaca a ġaḃ mo ṁáṫair ina broinn mé.

Aċ naċ n-iarrann tú an ḟírinne sa ċroí istiġ: agus naċ múinfiḋ tú eagna dom os íseal!

Sciúrfaiḋ tú le hiosóp mé, agus is glan a ḃeas mé: nifiḋ tú mé, agus beiḋ mé níos gile ná an sneaċta.

Cuirfiḋ tú dea-scéal áṫais agus lúcáire ċugam: ionas go mbeiḋ gairdeas ar na cnáṁa atá briste agat.

Tiontaiġ do ġnúis ó mo ṗeacaí: agus scrios amaċ mo ṁíġníoṁarta uile.

Cruṫaiġ croí glan ionam, a Ḋia: agus cuir spriod ċeart ionam as an nua.

Ná díbir ó do láṫair mé: agus ná tóg do naoṁspriod uaim.

Taḃair do ċaḃair arís mar ṡólás dom: agus neartaiġ le do spriod saor mé.

Múinfiḋ mé do ṡlite do luċt an oilc: agus iompófar na peacaiġ ċugat.

Fuascail mé ó ċoir na fola, a Ḋia, ós tú Dia mo ṡlánaiṫe: agus canfaiḋ mo ṫeanga d'ḟíréantaċt.

Fosclóiḋ tú mo ḃeola, a Ṫiarna: agus foilseoiḋ mo ḃéal do ṁolaḋsa.

Óir ní iarrann tú aon tsaicrifís, dá n-iarrfá, taḃarfainn duit í: aċ ní ḃíonn dúil agat in iobairtí loiscṫe.

Spriod ḃuarṫa is ea iobairt Dé: croí briste, comḃrúite, a Ḋia, ní beag do ḃeann air.

Glóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

A Ṫiarna, déan trócaire orainn.
A Ċríost, déan trócaire orainn
A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

ÁR nAṫair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do toil ar talaṁ, mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil taḃair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, mar a ṁaiṫimidne dá gciontaíonn inár n-agaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; aċ saor sinn ón olc. Áiméan.



**Ministir.** A Ṫiarna, saor do ṡeirḃísiġ;
**Freagra.** A ċuireas a n-iontaoiḃ ionat.
**Ministir.** Cuir cúnaṁ ċuca ó na harda;
**Freagra.** Agus cosain de ṡíor iad le neart.
**Ministir.** Caḃraiġ linn, a Ḋia ár Slánaiṫeoir;
**Freagra.** Agus ar son glóire d'Ainme tarrṫaiġ sinn; déan trócaire orainn na peacaiġ, ar son d'Ainm.
**Ministir.** A Ṫiarna, éist lenár nguí;
**Freagra.** Agus lig dár n-éaṁ roċtain ċugat.

**Ministir.** Guímis.

A ṪIARNA, impímid ort éisteaċt go trócaireaċ lenár n-urnaiṫe, agus glac trua dóiḃ uile a aḋmaíos a bpeacaí duit; ionas go ḃfuascláitear trí do ṁaiṫiúnas trócaireaċ na daoine a ḃfuil a gcoinsias á gciontú trí an bpeaca; trí Ċríost ár dTiarna. Áiméan.

A ḊIA ríċumaċtaiġ, agus a Aṫair ṫrócairiġ, a mbíonn trua agat don uile ḋuine, agus naċ dtugann fuaṫ d'aon ní dá ndearna tú; naċ mian leat bás an ṗeacaiġ, aċ go mb'ḟearr leat go n-iompóḋ sé óna ṗeaca, agus go saorfaí é; Maiṫ dúinn go trócaireaċ ár gcionta; glac ċugat sinn agus taḃair fortaċt dúinn, sinne a ngoilleann le tuirse ualaċ ár bpeacaí orainn. Is dual duit an trócaire de ṡíor; is leatsa amáin maiṫiúnas na bpeacaí. Do ċoimirce orainn, mar sin, a Ḋea-Ṫiarna, do ċoimirce ar do ṁuintir, a d'ḟuascail tú; ná téiġ i mbreiṫiúnas le do ṡeirḃísiġ, gur cré ḃeagluaiġ iad, agus

peacaiġ trua; aċ iompaiġ d'ḟearg dínne, a adṁaíos ár n-uirísleaċt, agus atá in aiṫreaċas go fíorga faoinár locta, agus deiḟriġ ċun caḃraiṫe linn sa saol seo, ar ṁoḋ go gcónaímid go bráċ leat sa saol atá le teaċt; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Ansin déarfaiḋ an pobal an méid seo leanas, i ndiaiḋ an Ṁinistir:

Tiontaiġ tusa sinn, a Ḋea-Ṫiarna, agus tríd sin tiontófar sinn. Bí ceansa, a Ṫiarna, bí ceansa le do ṁuintir, a tiontaíos ċugat le caoineaḋ, le troscaḋ, agus le guí. Óir is Dia trócaireaċ tú, lán trua, fad-ḟulangaċ, agus gur dual duit an ṁórṫrua. Deonaír coimirce nuair is pionós atá tuillte againn, agus trí d'ḟioċ is ar ṫrócaire a smaoinír. Do ċoimirce ar do ṁuintir, a Ḋea-Ṫiarna, do ċoimirce ortu, agus ná ceadaiġ náiriú d'oiḋreaċta. Éist linn, a Ṫiarna, óir is mór í do ṫrócaire. Agus de réir méid do ṫrócaire amarc orainn; trí luaíoċt agus idirguí do Ṁic ḃeannaiṫe, Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Ansin déarfaiḋ an Ministir ina aonar,

Go mbeannaí an Tiarna sinn, agus go gcoimeáda sé sinn; go lige an Tiarna do ṡolas a aġaiḋe lonraḋ anuas orainn, agus bíoḋ sé ceansa linn: go n-ardaí an Tiarna a ġnúis orainn, agus go dtuga sé síoċáin dúinn, anois agus go deo. Áiméan.

¶ Más oiriúnaċ é, is ceadṁaċ don Oifig seo teaċt i ndiaiḋ Urnaí na Nóna.

¶ Má bíonn Seanmóir ann, is ceadṁaċ an méid ar fad a tagann roiṁ an tAonú Salm is Caoga a ḟágáil ar lár ón Oifig.

# FOIRM ḂREIṪE BUÍOĊAIS
## AR SON
# ḂEANNAĊTAÍ AN FÓṀAIR.

¶ Beiḋ Urnaí na Maidine agus na Nóna mar is gnáċ, amaċ ón áit a gceaptar a aṫraċ san Oifig seo.

Sailm faoi leiṫ.

¶ Úsáidfear dá Ṡalm nó breis de na Sailm seo leanas de réir mar is ceart leis an Ministir.

Sailm 65, 67, 103, 145, 147.

Léaċtaí faoi leiṫ.

¶ Le haġaiḋ an Ċéad Léaċta,

Léifear léaċt dá leanann, de réir mar is ceart leis an Ministir:

Deut. 8. 10–deireaḋ. Deut. 28. 1–14. Ísái. 28. 23–deireaḋ.

¶ Le haġaiḋ an Dara Léaċta, léaċt dá leanann:

Nṁ. Mata 6. 19–deireaḋ. Nṁ. Lúcás 12. 16–31. Nṁ. Eoin 6. 26–35. Taisp. 14. 14–18.

## ORṪANNA.

¶ Úsáidfear an dá Orṫa a leanas, nó Orṫa acu, in áit Orṫa an Lae. Aċ na laeṫanta féile, léifear Orṫa an Lae ar dtús.

A Dia Uileċuṁaċtaiġ síoraí, a ḃronn go fial orainn torṫaí an talaiṁ ina séasúr; Tugaimid umal-ḃuíoċas ár gcroí duit ar son na n-aiscí seo; á impí ort do ġrásta a ṫaḃairt dúinn leis an feiḋm ċeart a ḃaint astu ag taḃairt glóire duit féin, agus ag fóiriṫint ar an dream atá i riaċtanas; trí Íosa Críost ár dTiarna, a ṁaireas i ríoċt leatsa agus leis an Naoṁspiorad, in ḃur nAondia trí ṡaol na saol. Áiméan.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, agus a Aṫair neaṁaí, glóirimid tú mar gur ċuir tú aṫuair le do ġealltanas ġráṁar, naċ dteipfiḋ, ċoṁ fada agus fanas an talaṁ, ar ċur an tsíl ná ar ḃaint an ḟóṁair. Beannaímid tú ar son tortaí ilċineálaċa an talaiṁ, a ṫug tú dúinn lena gcur i dtairḃe. Iarraimid ort a ċur i gcéill agus i gcuiṁne dúinn naċ ar arán aṁáin a ṁaireas an duine; agus deonaiġ dúinn go deo maireaċtáil ar an Té sin is Fíor-Arán ó neaṁ, ar Íosa Críost ár dTiarna, dá dtugtar, agus duitse agus don Spiorad Naoṁ, gaċ onóir agus glóir, trí ṡaol na saol. Áiméan.

¶ I ndiaiḋ na Treas Orṫa déarfar an Urnaí seo leanas:

Urnaí ar son na Misean Críostaí.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, a d'ordaiġ trí do Ṁac Íosa Críost do na hAspail imeaċt ar fuaid an doṁain, agus an Soiscéal a ṡeanmóiriú do ċáċ; Deonaiġ dúinne, a fuair gairm uait teaċt isteaċ id Eaglais, umlú le toil ár n-aigne do do Ḃriaṫar, agus líon ár gcroí de ḋúṫraċt le do ṡlí a foilsiú ar talaṁ, agus soċair do ṡlánaiṫe a insint i measc na náisiún uile. Féaċ go trócaireaċ ar na págánaiġ naċ ḃfuil aiṫne acu ort, agus ar na sluaite atá scaipṫe ar ṡiúl mar ċaoiriġ naċ ḃfuil maor orṫu. A Aṫair neaṁaí, a Ṁáistir na meiṫle, impímid ort toraḋ a ṫaḃairt ar ár n-urnaiṫe, agus na buanaiṫe a ċur amaċ i gcionn do ḃairr. Ullṁaiġ agus déan oiriúnaċ le do ġrásta iad le haġaiḋ obair a n-oifige;



bronn orṫu bua na cuṁaċta, bua na carṫanaċta, agus bua na céille; neartaiġ iad ċun cruatan a ḟulaingt; agus deonaiġ go raiḃ raṫ ó do Spiorad Naoṁ ar a saoṫar, agus go raiḃ a mbeaṫa agus a dteagasc ag méadú do ġlóire, agus ag cur daoine an doṁain ar aġaiḋ ar ṡlí a slánaiṫe; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Go díreaċ roiṁ Urnaí San Crysostomus déarfar an urnaí seo leanas:

A Ṫiarna Dia na slua, a mbíonn cónaí ort san ard-ionad naofa, agus naċ lúide do ṁeas ar an uiríseal; a ṫugann ar do ġrian éirí ar ḋroċḋuine agus ar ḋea-ḋuine, agus a fearas fearṫainn ar an ḃfear ċóir agus ar fear an oilc; a mbíonn do ṁórċuṁaċt ag seolaḋ a ḃfuil ar neaṁ agus ar talaṁ; Tugaimid duit buíoċas ár gcroí faoinár dtaḃairt slán go séasúr sin an ḟóṁair, ag teaċt ċun an talaiṁ agus á ḃeannú, agus ag cur bairr ar an mbliain le do ṁaiṫeas. Molaimid tú as uċt tortaí an talaiṁ a ṫiolacaḋ orainn, a ṫug sásaṁ lóin agus lúcáire dár gcroí. Ar a son sin agus ar son tiolaicí uile do ṫrócaire tá d'Ainm glórṁar á ṁolaḋ agus á ṁóraḋ againn; agus sinne ag iarraiḋ d'impí ort síol do Ḃriaṫair a ċur inár gcroí, agus buanḋrúcṫ do ḃeannaċta a ḋoirteaḋ anuas orainn; ionas go dtugaimid uainn tortaí an Spioraid, agus go raḃtar, lá mór deiriḋ an doṁain, dár gcruinniú isteaċ id ioṫlainn neaṁaí; trí Íosa Críost ár dTiarna, dá dtugaimid, agus duitse agus don Spiorad Naoṁ, gaċ onóir agus glóir, anois agus trí ṡaol na saol. Áiméan.

## OIFIG NA COMAOINEAĊ.

¶ Úsáidfear in áit Orṫa an Lae Orṫa dá ḃfuil ceapṫa le haġaiḋ Urnaí na Maidine agus na Nóna.

An Eipistil. 1 Teasal. 5. 14.

DO ḃur nġríosú atáimid anois, a ḃráiṫre. Tugaigí raḃaḋ don dream dosmaċtaiṫe, tugaigí croí do na daoine eaglaċa, cuirigí taca leis na daoine laga, bígí foiġneaċ le các. Tugaigí do ḃur n-aire naċ dtugann aon duine an t-olc in aġaiḋ na maiṫe d'aon neaċ; aċ bíoḋ tóir agaiḃ i gcónaí ar an maiṫ, eadraiḃ féin, agus fós leis an saol uile. Bíoḋ lúċáir oraiḃ go deo; guigí gan stad; tugaigí buíoċas ar gaċ uile ní; óir is é seo toil Dé in Íosa Críost in ḃur dtaoḃ. Ná múċaigí an Spiorad; nára beag liḃ tairngreaċta; aċ ag féaċaḋ an uile ní; ag coinneáil ḃur nġreama ar a ḃfuil maiṫ; agus ag seaċaint cuma féin an oilc. Agus go naoṁaí Dia féin na síoċána go huile agus go hiomlán siḃ; agus guím Dia go gcoinnítear siḃ gan smál idir sprid agus anam agus corp ar fad go dtí teaċt ár dTiarna Íosa Críost.

nó,

Nṁ. Séamas 1. 16.

NÁ raiḃ seaċrán oraiḃ, a ḃráiṫre na páirte. Is ó neaṁ anuas a ṫagann gaċ tíolacaḋ dá ḟeaḃas agus dá iomláine, anuas ó Aṫair na soilse, naċ mbíonn corraċt ná claoċlú dá laġad air. Is dá ḋeoin féin a rinne sé ár nginiúint trí Ḃriaṫar na fírinne, ionas go mba saġas céadtortaí dá aṫċruṫú sinn. Ar an ábar sin, a ḃráiṫre na páirte, bíoḋ



gaċ duine agaiḃ réiḋ le héisteaċt, mall le labairt, mall ċun feirge: ó naċ n-oibríonn fearg an duine fíréantaċt Dé. Cuirigí diḃ mar sin an uile ġraostaċt agus an uile ġáirsiúlaċt iomarcaċ, agus glacaigí go huṁal leis an mBriaṫar atá á ṗlandáil ionaiḃ, arḃ féidir leis ḃur n-anamaċa a ṡlánú. Aċ coṁlíonaigí an Briaṫar, gan ḃeiṫ ag éisteaċt amháin, ag cur dallamullóige oraiḃ féin. Óir má éisteann duine ar biṫ leis an mBriaṫar, gan a ċoṁlíonaḋ, is ionann an té sin agus duine ag féaċaint ar a ḋreaċ féin i scáṫán: óir feiceann sé é féin, agus imíonn sé leis, agus tá dearmad déanta láiṫreaċ dá ċosúlaċt féin. Aċ an té ḋearcas isteaċ i reaċt iomlán na saoirse, agus a ḟanas ann, gan ḃeiṫ mar ḋuine ag éisteaċt go dearmadaċ, aċ mar ḋuine a ċoṁlíonas an obair, is beannaiṫe ina ġníoṁ an té sin. Má tá cuma na cráifeaċta ar aon duine agaiḃ, agus gan srian aige ar a ṫeanga aċ é ag meallaḋ a ċroí féin, is fuar a ċuid cráifeaċta. Is í seo an ċráifeaċt ġlan gan teiṁeal i láṫair Dé agus an Aṫar, dul d'ḟéaċaint dílleaċtaí agus baintreaċ ina n-anró, agus é féin a ċoimeád gan smál ón saol.

An Soiscéal. Nṁ. Mata 13. 36.

ĊUIR Íosa uaiḋ ansin an mórṡlua, go ndeaċaiġ isteaċ sa teaċ: agus ṫáinig a ḋeisceabail ċuige, agus iad á rá, mínig dúinn samlaoid an ċogail sa ġort. D'ḟreagair sé agus dúirt sé leo, An té ċuireas an dea-ṡíol is é Mac an Duine é; is é an doṁan

an gort; is iad clann na ríoċta an dea-ṡíol; aċ is iad clann na hainspride an cogal; an naṁaid a ċuir iad is é an diabal é; an fómar is é deireaḋ an doṁain é; agus is iad na buanaiṫe iad na haingil. Dá ḃrí sin mar cruinnioḋ an cogal agus mar loisceaḋ sa tine é; is aṁlaiḋ ḃeiḋ ag deireaḋ an doṁain seo. Cuirfiḋ Mac an Duine uaiḋ a aingil, agus cruinneoiḋ siad amaċ as a ríoċt gaċ ábar scannail, agus luċt an oilc, agus caiṫfiḋ siad isteaċ i sorn tine iad: is ann a ḃeiḋ an gol agus an gíoscán fiacal. Is ansin a ḃeiḋ na fíréin ag lonraḋ mar an ġrian i ríoċt a nAṫar. An té a ḃfuil cluasa air le héisteaċt, éisteaḋ sé.

nó,

Nṁ. Eoin 6. 5.

Agus nuair d'ardaiġ Íosa a ṡúile, agus ċonaic sé slua mór ag teaċt ċuige, dúirt sé le Pilib, Cá gceannóimid arán, go n-iṫe siad seo? (Is ag cur féaċála air adúirt sé sin: óir ḃí a ḟios aige féin cad é a ḋéanfaḋ sé). D'ḟreagair Pilib é, Níor leor dóiḃ luaċ dá ċéad pingin d'arán, ionas go nglacfaḋ gaċ duine acu beagán. Dúirt duine dá ḋeisceabail, Aindrias, dearṫáir Ṡíomóin Peadar, leis, Tá gasúr anseo, a ḃfuil cúig ḃairín eornan, agus dá iasc beaga aige: aċ cad é is fiú an méid sin idir an oiread sin daoine? Agus dúirt Íosa, Tugaigí ar na daoine suí síos. Agus ḃí an féar flúirseaċ san áit. Ṡuiġ na daoine síos mar sin, tuairim agus cúig míle a líon.



Agus ġlac Íosa na bairíneaċa; agus d'altaiġ sé iad, agus roinn ar na deisceabail iad, agus roinn na deisceabail iad ar an dream a ḃí ina suí; agus an t-iasc mar an gcéanna, oiread agus a ṫeastaiġ uaṫu. Nuair a ḃí a sá acu, dúirt se lena ḋeisceabail, Ḃailiġí an fuilleaċ atá fágṫa, ionas naċ dté aon ní amú. Ḃailíodar mar sin le ċéile é, agus líonadar dá ċiseán déag d'ḟuilleaċ na gcúig ḃairín eornan, an fuilleaċ a ḃí fágṫa i ndiaiḋ na ndaoine a ḃí ag iṫe. Dúirt na daoine úd ansin, nuair a ċonaiceadar an míorúilt a rinne Íosa, Go fírinneaċ is é seo an fáiḋ a ḃí le teaċt ar an saol.

¶ Tosóiḋ an Ofráil leis an Abairt seo:

ONÓRAIĠÍ an Tiarna leo ollṁaiṫeas, agus le céadtoraḋ gaċ bairr dá mbaineann tú.

—Seanráite 3. 9.

# Mineastrálaċt Baiste Poiblí Naíonán,

## lena cur i ḃfeiḋm sa Teampall.

¶ Is é is inḋéanta do Ċúráidiġ gaċ Paróiste an pobal a ċoṁairliú go minic, gan Ḃaiste a leanaí a ċur ar aṫló ṫar an ceaṫrú nó an cúigiú seaċtain tar éis a mbreiṫe, mura mbíonn cúis ṁór ċuí leis.

¶ Is cóir an pobal a ċoṁairliú gur le linn Seirḃíse Poiblí éigin den Eaglais is cuí Baiste a ṁineastráil: ní hamháin go mbí an Pobal ansin i láṫair ina ḃfianaisí gur glacaḋ leis na daoine nuaḃaistiṫe mar baill d'Eaglais Ċríost; aċ ina ṫeannta sin go gcuire Baiste na Naíonán i gcuiṁne do gaċ aon duine atá i láṫair a ḋearḃú féin ċun Dé ina Ḃaiste. Ar an ábar céanna is ceart an Baiste a ṁineastráil i dteanga an poḃail.

¶ Agus tugaigí faoi ḃur n-aire, gur cóir beirt Aiṫreaċa Baiste agus Máṫair Ḃaiste aṁáin a beiṫ ag gaċ leanḃ fir atá le baiste; agus Aṫair Baiste aṁáin agus beirt Ṁáiṫreaċa Baiste ag gaċ leanḃ ṁná.

¶ Is ceaḋṁaċ do tuismiṫeoirí freagairt ar son a leanaí féin. Nuair naċ féidir triúr críostíní a fáil, is leor beirt; agus mura mbíonn beirt le fáil, is leor duine aṁáin. Ba cóir do na críostíní beiṫ in aois na céille, agus ina mbaill d'Eaglais na hÉireann, nó d'Eaglais atá i gcomaoineaċ léi.

¶ Nuair a ḃíonn leanaí le baiste, ba ċóir do na Tuismiṫeoirí fógra a taḃairt don Ċúráideaċ in am. Agus ní foláir do na hAiṫreaċa Baiste agus do na Máiṫreaċa Baiste, agus do na daoine leis na leanaí, beiṫ ullaṁ ag an Umar Baiste, um Urnaí na Maidine nó na Nóna, go díreaċ i ndiaiḋ na Treas Orṫa, nó um pé uair eile a ṁolfas an tOrdaiṫeoir; aċ féaċaint ċuige naċ mbacfar tuismiṫeoir ar biṫ óna leanḃ a ċur á ḃaisteaḋ le linn na Seirḃíse Poiblí, más é sin is roġa leis.

¶ Nuair a ḋéantar an Baiste a ṁineastráil le linn Urnaí na Maidine nó na Nóna, is ceaḋṁaċ ansin na hUrnaiṫe go léir i ndiaiḋ na Treas Orṫa a ḟágáil gan a rá.

¶ Ar druidim don Sagart leis an Umar Baiste agus le linn é a beiṫ ina ṡeasaṁ ansin, déarfaiḋ sé,

Ar baisteaḋ an leanḃ seo ċeana, nó nár baisteaḋ?





¶ Má ḟreagraítear, "Níor baisteaḋ"; raċaiḋ an Sagart ċun cinn mar leanas:

A Ḋaoine na páirte, ó gineaḋ agus ó rugaḋ an cine daonna i bpeaca, agus go nḋeireann ár Slánaiṫeoir Críost, Mura mbeirtear duine aṫuair, ní féidir leis ríoċt Dé a ḟeiceáil agus go nḋeireann fós, Mura mbeirtear duine ó uisce agus ón Spioraḋ, ní féidir leis dul isteaċ i ríoċt Dé; Aċainím oraiḃ glaoċ ar Ḋia Aṫair, trínár dTiarna Íosa Críost, go nḋeonaí sé dá ṫrócaire flaiṫiúil don leanḃ seo [do na leanaí seo] an rud úd naċ féidir a beiṫ aige [aici, acu] ó ḋúċas; go mbaistear é [í, iad] trí uisce agus tríd an Spioraḋ Naoṁ, agus go nglactar isteaċ in Eaglais naofa Ċríost é [í, iad], agus go nḋéantar ball [baill] beoga [beoga] den Eaglais céanna é [í, iad].

¶ Ansin éireoiḋ na daoine ina seasaṁ, agus déarfaiḋ an Sagart,

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁarṫanaiġ, a ṫugann cúnaṁ dá ḃfuil i ngátar, a ċuidíos lena dteiṫeann ċugat ag iarraiḋ fóiriṫinte, a ḃeoíos na creidṁiġ, a ṫugann aiséirí do na mairḃ; glaoimid ort ar son an Naíonáin seo [na Naíonán seo], go ḃfaiġe sé [sí, siad] maiṫiúnas a peacaí [peacaí, bpeacaí] trí aṫġiniúint spioradálta agus é [í, iad] ag teaċt ċun do Ḃaiste Naofa. Gaḃ ċugat é [í, iad], a Ṫiarna, mar a ġeallais trí do Ḋilṁac, á rá, Iarraigí, agus taḃarfar daoiḃ; lorgaigí, agus ġeoḃaiḋ siḃ; buailigí, agus

fosclófar daoiḃ: gurb aṁlaiḋ a taḃarfar anois dúinne atá ag guí; go ḃfaiġimid agus sinn ag lorg; oscail an geata dúinne atá ag bualaḋ; ionas go mblaise an Naíonán seo [na Naíonáin seo] aoiḃneas beannaċta síoraí d'ionlaiḋ neaṁaí, agus go sroiċe sé [sí, siad] an ríoċt ṡíoraí a ġeallais-se dúinn trí Ċríost ár dTiarna. Áiméan.

nó í seo:

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, ṡíorṁartanaiġ, a ṫarrtaiġ, trí do ṁórtrócaire, Naoi agus a ċlann san Arc ó anḃáḋ trí uisce; agus fós a ṫreoraiġ clann Iosrael do poḃal slán tríd an Muir Rua, ag coṁartú leis sin do Ḃaiste Naofa; agus a naoṁaiġ uisce ċun glanta rúndiaṁraiġ an peaca trí Ḃaiste do Ḋilṁic Íosa Críost, in aḃainn an Iornáin; guímid tú, de ḃrí do trócairí doċuimsiṫe, go ḃféaċair go báúil ar an Naíonán seo [na Naíonáin seo]; ionnail agus naoṁaiġ é [í, iad] leis an Spiorad Naoṁ; ionas go dtaḃarfar isteaċ in Arc Eaglaise Ċríost é [í, iad] agus go saorfar óḋ fearg é [í, iad]; agus, trí ṡeasṁaċt i gcreideaṁ, trí áṫas an dóċais, agus trí fréaṁú sa ġrá, go dtreaḃa sé [sí, siad] tonnta an tsaoil ḃuarta seo, ar ṁoḋ go sroiċe sé [sí, siad] faoi ḋeoiḋ tír na beaṫa suṫaine, le ḃeiṫ i ríoċt leat ansin trí ṡaol na saol; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Ansin déarfaiḋ an Sagart,



Éistigí le briaṫra an tSoiscéil, a scríoḃ Naoṁ Marcas, sa deiċiú caiḃidil, ag an treas véarsa déag,

ṪUGADAR leanaí óga ċun Críost, ċun go leagaḋ sé a láṁ orṫu: agus ċuir a ḋeisceaḃail cosc leosan a ḃí á dtaḃairt ċuige. Aċ nuair a ṫug Íosa é sin faoina aire, ḃí miċéaṫa aige orṫu, agus dúirt sé leo, ligigí do na leanaí beaga teaċt ċugamsa, agus ná cuirigí cosc leo: óir is dá leiṫéid siúd ríoċt Dé. Adeirim liḃ go fírinneaċ, Cibé duine naċ nglacfaiḋ ríoċt Dé ar nós linḃ, naċ raċaiḋ sé isteaċ inti coíċe. Agus ġlac sé ċuige ina uċt iad, agus ḃeannaiġ sé iad agus é ag cur a láṁ orṫu.

¶ Agus an Soiscéal léite, déanfaiḋ an Ministir an molaḋ gairid seo bunaiṫe ar Ḃriaṫra an tSoiscéil:

A DAOINE na páirte, cloiseann siḃ sa Soiscéal sin briaṫra ár Slánaiṫeora Críost, gur ordaiġ sé na leanaí a ḃreiṫ ċuige; gur ċáin sé na daoine gur ṁian leo iad a ċosc air; go mbrostaíonn sé an uile duine le haiṫris a ḋéanaṁ ar a n-ionracas. Tuigeann siḃ mar a ḋearḃaiġ sé a ḋea-ṫoil ċucu trína ċoṁarta seaċtraċ agus trína ġníoṁ; mar ċuir sé a láṁa ṫarstu, leag sé a ḃosa orṫu, agus ḃeannaiġ sé iad. Ná bíoḋ aṁras oraiḃ mar sin, aċ creidigí go dúṫraċtaċ, go nglacfaiḋ sé an Naíonán seo [na Naíonáin seo] atá i láṫair go ceansa mar an gcéanna; go gcuirfiḋ láṁa a trócaire

ṫairis [ṫairsi, ṫarstu]; go dtaḃarfaiḋ sé beannaċt na beaṫa síoraí dó [di, dóiḃ], agus go ligfiḋ sé dó [di, dóiḃ] ḃeiṫ rannṗáirteaċ ina ríoċt ṡuṫain.

Dá ḃrí sin, ós dearḃ linn dea-ṫoil ár nAṫar neaṁaí ċun an Naíonáin seo [na Naíonán seo], a d'ḟoilsiġ a Ṁac Íosa Críost; agus ó naċ ḃfuil aṁras ar biṫ orainn aċ gur maiṫ agus gur inṁolta leis an obair ċarṫanaċ seo againn, agus sinne ag breiṫ an Naíonáin seo [na Naíonán seo] ċun a Ḃaiste Naofa; tugaimis buíoċas leis go dílis deaḃóideaċ, á rá,

¶ Ansin déarfaiḋ an Ministir agus an pobal,

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ ṡíorṁarṫanaiġ, a Aṫair neaṁaí, Tugaimid buíoċas leat go huṁal, De ḃrí gur ḋeonaís sinn a ġlaoċ ċun eolais do ġrásta: Méadaiġ an t-eolas sin, Agus neartaiġ an creideaṁ seo ionainn go bráċ. Taḃair do Spiorad Naoṁ don Naíonán seo [do na Naíonáin seo], Ionas go n-aṫġinfear é [í, iad], Agus go ndéanfar oiḋre [oiḋrí] ar an slánú suṫain de [di, díoḃ]; Trínár dTiarna Íosa Críost, A maireas i ríoċt leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, Anois agus go deo. Áiméan.

¶ Ansin laḃróiḋ an Sagart leis na hAiṫreaċa Baiste agus leis na Máiṫreaċa Baiste ar an gcuma seo:

A Ḋaoine na páirte, ṫug siḃ an leanḃ seo [na leanaí seo] anseo lena ḃaiste [baiste, mbaiste]; ġuiġ siḃ go ndeonóḋ ár dTiarna Íosa Críost a ġlacaḋ [glacaḋ, nglacaḋ]



ċuige féin, a ḟuascailt [fuascailt, ḃfuascailt] óna ṗeacaí [peacaí, bpeacaí], a naoṁú leis an Spiorad Naoṁ, ríoċt neiṁe a ṫaḃairt dó [di, dóiḃ] agus an ḃeaṫa ṡuṫain. Ċuala siḃ freisin gur ġeall ár dTiarna Íosa Críost ina Ṡoiscéal na niṫe sin uile a d'iarr siḃ a ḋeonú; geallṫanas a ċoiṁlíonfas sé agus a ċuirfeas sé i gcríċ, ar a ṫaoḃ sin de, go cinnte.

Mar sin, de réir an ġeallṫanais sin a ṫug Críost, caiṫfiḋ an Naíonán seo [na Naíonáin seo] a ġeallaḋ go dílis, ar a ṫaoḃsan [taoḃsan, dtaoḃsan] de, tríḃse atá in ḃur n-urraí ar a ṡon [son], (go dtaga sé [sí, siad] in aois a glacta air [uirṫi, orṫu] féin), go ndiúltaí sé [sí, siad] don diaḃal agus dá oibreaċa uile, agus go gcreide sé go buan Ḃriaṫar naofa Dé, agus go gcoiṁlíona sé [sí, siad] a Aiṫeanta. Fiafraím mar sin,

An ndiúltair, in ainm an linḃ seo, don diaḃal agus dá oibreaċa uile, d'uaḃar díoṁaoin agus do ṁórgaċt an tsaoil, mar aon lena ṁianta santaċa uile, agus d'ainṁianta na colainne, ar ċuma naċ leanfair iad ná naċ dtreorófar tú acu?

Freagra. Diúltaím dóiḃ uile.

Ministir.

An gcreidir i nDia an tAṫair Uileċuṁaċtaċ, Cruṫaiṫeoir neiṁe agus talaiṁ?

Agus in Íosa Críost a Aon-Ṁacsan ár dTiarna? Agus gur gaḃaḋ é ón Spiorad Naoṁ, gur rugaḋ ón Maiġdean Ṁuire é; gur

ḟulaing sé páis faoi Ṗointias Piolóid, gur céasaḋ ar ċroiċ é, go ḃfuair sé bás, agus gur aḋlacaḋ é; go ndeaċaiġ sé síos go hifreann, agus gur éiriġ sé arís an treas lá ó na mairḃ; go ndeaċaiġ sé suas ar neaṁ, agus go ḃfuil ina ṡuí ar ḋeis Dé an tAṫair Uile-ċuṁaċtaċ; agus gurb as sin a ṫiocfas sé ċun breiṫiúnas a ṫabairt ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ?

Agus an gcreidir sa Spioraḋ Naoṁ, an Naoṁ-Eaglais Ċaitliceaċ; Cumann na Naoṁ; Maiṫiúnas na bpeacaí; Aiséirí na colainne; agus an ḃeaṫa ṡíoraí?

**FREAGRA.** Creidim é sin uile go dlúṫ.

MINISTIR.

An toil leat do ḃaisteaḋ sa ċreideaṁ sin?

**FREAGRA.** Is é sin is toil liom.

MINISTIR.

An gcoimeádfaiḋ tú go humal, mar sin, naoṁtoil Dé, agus a Aiṫeanta, agus an siúlfaiḋ tú iontu ar feaḋ do ṡaoil?

**FREAGRA.** Déanfad, le cúnaṁ Dé.

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart,

A ḊIA trócairiġ, deonaiġ go n-aḋlactar an Sean-Áḋaṁ sa leanḃ seo [sna leanaí seo], ar ṁoḋ go ḃfaiġe an duine nua aiséirí ann [inti, iontu]. Áiméan.

Deonaiġ go ḃfaiġe an uile ṁiangas collaí bás ann [inti, iontu], agus go ḃfása an uile ní a ḃaineas leis an Spioraḋ Naoṁ ann [inti, iontu]. Áiméan.



Deonaiġ go mbí cuṁaċt agus neart aige [aici, acu] go mbeire sé [sí, siad] an bua, agus go gcaiṫréimí sé [sí, siad], in aġaiḋ an diaḃail, an tsaoil, agus na colainne. Áiméan.

Deonaiġ don té a ṫiolaictear duit inár n-oifig agus inár mineastrálaċt bronntanas na suáilcí neaṁaí, agus a ċúiteaṁ go buan, trí do ṫrócaire, A Ṫiarna Dia ḃeannaiṫe, a ṁaireas, agus a rialaíos an uile ní, trí ṡaol na saol. Áiméan.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ ṡíorṁarṫanaiġ, ar ḋoirt do Ṁac fíorġráiṫe Íosa Críost uisce agus fuil amaċ as a ṫaoḃ ṁórluaiġ d'ḟonn maiṫiúnas a ḟáil inár bpeacaí; agus a ṫug aiṫne dá ḋeisceabail, go raċaidís, ag teagasc na gciníoċa go léir, agus iad a ḃaisteaḋ in Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoim; Tabair aire, guímid tú, d'aċainíoċa do Ṗobail; naoṁaiġ an t-uisce seo ċun peaca a ní amaċ go rúndiaṁraċ; agus deonaiġ don leanḃ seo [do na leanaí seo], atá le baisteaḋ ann anois, go ḃfaiġe sé [sí, siad] iomláine do ġrásta, agus go ḃfana sé [sí, siad] go buan i measc slua do leanaí dílis tofa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Ansin glacfaiḋ an Sagart an leanḃ ina láṁa, agus déarfaiḋ sé leis na haiṫreaċa baiste agus leis na Máiṫreaċa baiste,

Tabair ainm don leanḃ seo.

¶ Agus ansin, agus an t-ainm á rá aige ina ḋiaiḋ, tumfaiḋ sé san uisce é go haireaċ faiċilleaċ, más é sin is toil leo, agus gur dearḃ dó gur féidir leis an leanḃ é a ḟulaingt; murab amlaiḋ atá is leor uisce a ḋoirteaḋ air, gan faillí a ḋéanaṁ sa méid seo ṫíos a rá,

A. Baistim tú in Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ. Áiméan.

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart,

Ligimid an leanḃ seo isteaċ i bpobal tréada Ċríost; agus* gearraim comarṫa na Croise air [uirṫi], ina ṫuar naċ mbeiḋ náire air [uirṫi] feasta creideaṁ Ċríost ċéasta a aḋṁáil, agus troid go calma faoi na ḃrataċ, in aġaiḋ an ṗeaca, an tsaoil, agus an diaḃail; agus leanúint ina laoċ dílis do Ċríost agus ina ṡeirḃíseaċ dó go deireaḋ a ṡaoil. Áiméan.

* Déanfaiḋ an Sagart comarṫa na Croise ar éadan an linḃ anseo.

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart,

ÓS follas anois, a ḃráiṫre na páirte, gur aṫġineaḋ an leanḃ seo [na leanaí seo], agus gur glacaḋ isteaċ é [í, iad] i gcoṁlaċt Eaglaise Ċríost, tugaimis buíoċas le Dia Uileċuṁaċtaċ as uċt na ndearlaicṫí sin; agus guímis é d'aontoil, go gcaiṫe an leanḃ seo [na leanaí seo] an ċuid eile dá ṡaol [saol] de réir an túis sin.

¶ Ansin déarfar, agus gaċ aon duine ar a ġlúna:

ÁR nAṫair, atá ar neaṁ, Go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do ṫoil ar talaṁ, Mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil taḃair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, Mar a ṁaiṫimid dá gciontaíonn inár n-aġaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; Aċ saor sinn ón olc: Óir is leatsa an ríoċt, An ċuṁaċt, Agus an ġlóir, trí ṡaol na saol. Áiméan.



¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart,

TUGAIMID buíoċas ó ċroí duit, a Aṫair ṡárṫrócairiġ, gur ṫoil leat an Naíonán seo [na Naíonáin seo] a aṫġiniúint le do Spiorad Naoṁ, a ġlacaḋ [glacaḋ, nglacaḋ] mar do leanḃ [leanaí] féin trí uċtṁacaċt, agus é [í, iad] a ḋéanaṁ páirteaċ id Eaglais naofa. Agus iarraimid go humal ort a ḋeonú go maire sé [sí, siad] ċun fíréantaċta, tar éis a ḃeiṫ [beiṫ, mbeiṫ] marḃ don ṗeaca, agus go mbí sé [sí, siad] rannṗáirteaċ in aiséirí Ċríost, tar éis a aḋlacṫa leis ina ḃás; ar ṁoḋ go mbí sé [sí, siad] ina oiḋre [hoiḋre, n-oiḋrí] sa deireaḋ ar do ríoċt ṡíoraí, in éineaċt leis an gcuid eile ded Eaglais naofa; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Ansin, agus gaċ aon duine ina ṡeasaṁ, déarfaiḋ an Sagart an moladh seo leanas leis na haiṫreaċa baiste agus leis na máiṫreaċa baiste:

Ó ġeall an leanḃ seo [na leanaí seo] tríḃse, a urraí, [hurraí, n-urraí] diúltú don diaḃal agus dá oibreaċa uile, ó ġeall sé [sí, siad] creideaṁ i nDia, agus riaraḋ dó; ní mór daoiḃ cuiṁneaṁ air seo, go luíonn sé oraiḃ mar ḋualgas féaċaint ċuige go múintear an Naíonán seo, [na Naíonáin seo], a ṫúisce agus a ḃeiḋ an ḟoġlaim ar a ċumas [cumas, gcumas], a ṡollúnta agus atá an ṁóid, an gealltanas agus an dearḃú a rinne sé [sí, siad] tríḃse; agus go n-oiltear go suáilceaċ é [í, iad] le beaṫa ḋiaga Ċríostúil a ċaiṫeaṁ; ag cuiṁneaṁ i gcónaí go ḃfoilsíonn an Baiste ár ndearḃú dúinn; is é sin, eiseamláir Ċríost a leanúint, agus éirí cosúil leis; ar ṁoḋ go

n-éagaimisne don ṗeaca, sinne a baisteaḋ, agus go n-éirímis arís don ḟíréantaċt, fé mar a d'éag seisean, agus gur éiriġ sé arís ar ár son; agus sinne do ḃuaċaint de ṡíor ar ár n-ainṁianta uile, agus do ṁéadú in aġaiḋ an lae i ngaċ suáilce agus i ndiagaċt ḃeaṫa.

TÁ sé de ḋualgas oraiḃ aire a ṫabairt dó go dtugtar an leanḃ seo [na leanaí seo] go dtí an tEaspag lena ḋaingniú [daingniú, ndaingniú] faoina láiṁ, a ṫúisce agus is féidir leis [léi, leo] an Ċré, an Ṗaidir, agus na Deiċ nAiṫeanta, a rá, agus go múintear sa ḃreis é [í, iad] as Teagasc Críostaí na hEaglaise atá leagṫa amaċ ċuige sin.

¶ Má ṁineastráltar an baiste lasmuiġ den tSeirbís Ṗoiblí, abraḋ an Sagart ansin,

GO raiḃ grásta ár dTiarna Íosa Críost, agus grá Dé, agus cumann an Spioraid Naoiṁ againn anois agus go bráċ. Áiméan.

IS cinnte de réir Briaṫair Dé, go slánaítear na leanaí a baistear, má ġeibid bás sula bpeacaíd go gníoṁaċ.

Bíoḋ go n-ordaítear fíor na Croise san Oifig seo a ḋéanaṁ sa Ḃaiste de réir sean-nóis inṁolta na hEaglaise, ní ṁeastar aisti gnás nua ar biṫ a ċur leis an tSacraimint mar ċuid di, nó riaċtanaċ di; ná go bhfuil bua nó éifeaċt dá cuid féin san ḟeiḋm a baintear as an ḃfíor sin, níl inti aċ go gcuirtear bás agus Crois Ċríost i gcuiṁne do na Críostaiṫe go léir, ós iontusan atá a ndóċas agus a nglóir; agus go gcuirtear i gcuiṁne dóiḃ go mba ċóir dóiḃ an Ċrois a iompar ar ṁoḋ ar biṫ inar ċuí le Dia a leagan orṫu, agus go mbeidís ar aon dul le Críost inar ḟulaing sé; ní a léirítear níos foirleiṫeadaí sa treas Canóin déag d'Eaglais Ṡasana, Canóin atá i gcló trí ordú na Seanaide Coitinne ag deireaḋ Canón Eaglaise na hÉireann.

## MINEASTRÁLAĊT

# ḂAISTE PRÍOḂÁIDIĠ LEANAÍ

## I DTIṪE.

¶ Taḃarfaiḋ Cúráidiġ gaċ Paróiste raḃaḋ don ṗobal, naċ gcuirid faoi ndear a leanaí a ḃaiste sa ḃaile ina dtiṫe mura mbíonn cúis ṫáḃaċtaċ agus géarġá leis. Aċ nuair is riaċtanaċ é a ḋéanaṁ, ansin mineastrálfar an Baiste mar leanas:

¶ Ar dtús, glaoḋ Ministir an Ṗaróiste ar Ḋia (nó, mura bfuil Ministir an Ṗaróiste ar fáil, Ministir dlisteanaċ ar biṫ eile is féidir a ṡoláṫar), agus abraḋ sé an Ṗaidir, agus pé uiṁir eile de na Paidreaċa eile atá ordaiṫe ċeana féin lena rá i bfoirm an Ḃaiste Ṗoiblí agus a ligfiḋ an uain agus an riaċtanas láiṫreaċ dó. Agus ansin, tar éis ainm a ṫabairt don leanḃ ag duine éigin atá i láṫair, doirtfiḋ an Ministir uisce air, agus na focail seo á rá aige:

A. Ḃaistim ṫú in Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ. Áiméan.

¶ Ansin, agus gaċ aon duine ar a ġlúna, taḃarfaiḋ an Ministir buíoċas do Ḋia, agus déarfaiḋ sé,

TUGAIMID buíoċas ó ċroí duit, a Aṫair ṡárṫrócairiġ, gur ṫoil leat an Naíonán seo a aṫġiniúint le do Spiorad Naoṁ, a ġlacaḋ [glacaḋ] mar do leanḃ féin trí uċtṁacaċt, agus é [í] a ḋéanaṁ páirteaċ id Eaglais naofa. Agus iarraimid go huṁal ort a ḋeonú go mbí sé [sí] rannṗáirteaċ in aiséirí do Ṁic, faoi mar a ḋéantar rannṗáirteaċ anois é [í] ina ḃás; agus go mbí sé [sí] ina oiḋre [hoiḋre] sa deireaḋ ar do ríoċt ṡíoraí, in éineaċt leis an gcuid eile de do naoiṁ; tríosean do Ṁac Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Agus ná bíoḋ aṁras orṫu, aċ go bfuil an leanḃ baistiṫe go dlisteanaċ agus go dóṫanaċ, agus nár ċóir a aṫbaiste.

# TEAGASC CRÍOSTAÍ

MAR ATÁ,

OIDEAĊT A ĊAIṪFEAS GAĊ AON DUINE A ḞOĠLAIM, SULA DTUGTAR I LÁṪAIR AN EASPAIG É LENA ḊAINGNIÚ.

Ceist.

CÉARD is ainm duit?

**Freagra.** Ainm nó ainmneaċa baiste.

**Ceist.** Cé ṫug an tainm sin ort?

**Freagra.** M'Aiṫreaċa Baiste agus mo Ṁáiṫreaċa Baiste i mo Ḃaiste; ina ndearnaḋ ball le Críost, leanḃ le Dia, agus oiḋre ar ríoċt neiṁe díom.

**Ceist.** Céard a rinne d'Aiṫreaċa Baiste agus do Ṁáiṫreaċa Baiste an uair sin ar do ṡon?

**Freagra.** Ġealladar agus ṁóidíodar trí niṫe ar mo ṡon:

An ċéad ní, go ndiúltóinn don diaḃal agus dá oibreaċa uile, do ṗoimp agus do ḋíoṁaoineas an tsaoil oilc seo, agus d'ainṁianta uile na colainne;

An dara ní, go gcreidfinn Ailt uile an Ċreidiṁ Ċríostaí;

Agus an treas ní, go gcoṁlíonfainn naoṁ-toil Dé agus a Aiṫeanta, agus go siúlfainn dá réir ar feaḋ mo ṡaoil uile.

**Ceist.** Naċ measann tú go ḃfuil d'iallaċ ort creideaṁ agus déanaṁ de réir mar a ġealladarsan ar do ṡon?

**Freagra.** Measaim go deiṁin; agus le cúnaṁ Dé déanfad aṁlaiḋ. Agus tugaim buíoċas ó ċroí do Ḋia ár nAṫair neaṁaí, gur ġair sé orm ḃeiṫ ar an slí seo mo ṡlánaiṫe, trí Íosa





Críost ár Slánaiṫeoir. Agus guím Dia a ġrásta a ṫaḃairt dom, go ḃfanad aṁlaiḋ go deireaḋ mo ṡaoil.

An Ceistí.

Aiṫris Ailt do Ċreidiṁ.

Freagra.

CREIDIM i nDia an tAṫair Uileċuṁaċtaċ,
Cruṫaiṫeoir neiṁe agus talaiṁ:
Agus in Íosa Críost a Aon-Ṁac San ár dTiarna, A gaḃaḋ ón Spiorad Naoṁ, A rugaḋ ón Ṁaiġdean Muire, A d'ḟulaing páis faoi Ṗointias Píoláid, A céasaḋ ar ċroiċ, a fuair bás, agus a adlacaḋ, Ċuaiġ sé síos go hIfreann; D'éiriġ sé arís an treas lá ó na mairḃ, Ċuaiġ sé suas ar neaṁ, Agus tá ina ṡuí ar ḋeis Dé an tAṫair Uileċuṁaċtaċ; As sin tiocfaiḋ sé ċun breiṫiúnas a ṫaḃairt ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ.

Creidim sa Spiorad Naoṁ; An Naoṁ-Eaglais Ċaitliceaċ; Cumann na Naoṁ; Maiṫiúnas na bpeacaí; Aiséirí na colainne; Agus an Beaṫa Ṡíoraí. Áiméan.

**Ceist.** Céard iad na príoṁniṫe ḟoġlaimíonn tú sna hAilt sin do Ċreidiṁ?

**Freagra.** Ar dtús, foġlaimím go mba ċóir dom creidiúint i nDia an tAṫair, a rinne mé, agus an doṁan uile;

Ansin, go mba ċóir dom creidiúint i nDia an Mac, a d'ḟuascail mé, agus an cine daonna go léir;

Agus ansin arís, go mba ċóir dom creidiúint i nDia an Spiorad Naoṁ, a naoṁaíos mise, agus pobal tofa Dé ar fad.

Ceist.

Dúrais, gur ġeall d'Aiṫreaċa Baiste agus do Ṁáiṫreaċa Baiste ar do ṡon, go gcoiṁlíonfá Aiṫeanta Dé. Inis dom, an mó iadsan?

**Freagra.** Deiċ gcinn.

**Ceist.** Cia hiad?

Freagra.

IAD siúd a labair Dia sa bfiċiú caibidil de Ecsodus, á rá, Is mise an TIARNA do Ḋia, a rug amaċ as tír na hÉigipte tú, as teaċ na daoirse.

1. Ná bíoḋ déiṫe ar biṫ eile agat aċ mise.
2. Ná déan aon íoṁá ġreanta duit féin, ná macasaṁail d'aon ní dá bfuil ar neaṁ ṫuas, ná ar an talaṁ ṫíos, ná san uisce atá faoin talaṁ; ná sléaċt dóiḃ, agus ná haḋair iad; óir mise, do ṪIARNA Dia, is Dia éadmar mé, agus agraim peacaí na sinsear ar an gclann go dtí an treas glún agus an ceaṫrú glún de luċt m'ḟuaṫa, agus déanaim trócaire ar na mílte den dream a ṫugann grá dom agus a ċoiṁlíonas m'aiṫeanta.
3. Ná tabair ainm do ṪIARNA Dia gan fáṫ; óir ní gan loċt i láṫair an TIARNA a ḃeas an té a ṫugann a ainm gan fáṫ.
4. Cuiṁniġ ar lá na Sabóide a ċoimeád naofa. Ar feaḋ sé lá bí ag obair, agus déan a mbíonn agat le déanaṁ; aċ an seaċtú lá, is í Sabóid do ṪIARNA Dia í. An lá sin ná déan aon saġas oibre, tusa, ná do ṁac, ná d'iníon, do ṡearḃónta fir ná do ṡearḃónta mná, d'eallaċ, ná an coiṁṫíoċ atá ar aíoċt agat. Óir sé laeṫanta ċait an TIARNA ag



déanaṁ neiṁe agus talaiṁ, na mara, agus a bfuil iontu, agus an seaċtú lá ḃí sos aige: dá ḃrí sin ḃeannaiġ an TIARNA an seaċtú lá, agus naoṁaiġ é.

5. Tabair urraim dod aṫair agus do do ṁáṫair: ionas go mba fada do laeṫanta sa tír a ṫugann do ṪIARNA Dia ḋuit.
6. Ná déan dúnmarú.
7. Ná déan adaltranas.
8. Ná déan goid.
9. Ná tabair fianaise ḃréige in aġaiḋ do ċoṁarsan.
10. Ná santaiġ teaċ do ċoṁarsan, ná santaiġ bean do ċoṁarsan, ná a ṡearḃónta, ná a ċuṁal, ná a ḋaṁ, ná a asal, ná ní ar biṫ is leis.

Ceist.

Céard iad na príoṁnite foġlaimíonn tú ó na haiṫeanta sin?

**Freagra.** Foġlaimím an dá ní: mo ḋualgas do Ḋia, agus mo ḋualgas do mo Ċoṁarsa.

**Ceist.** Céard é do ḋualgas do Ḋia?

**Freagra.** Is é mo ḋualgas do Ḋia, creidiúint ann, eagla a ḃeiṫ orm roiṁe, agus é a ġráú le mo ċroí ar fad, lem aigne ar fad, lem anam ar fad, agus le mo neart ar fad; é a adraḋ, ḃeiṫ buíoċ de, mo ṁuinín go léir a ċur ann, é a ġuí, urraim a ṫabairt dá Naoṁ-Ainm agus dá Ḃriaṫar, agus seirḃís dílis a ḋéanaṁ dó ar feaḋ mo ṡaoil.

**Ceist.** Céard é do ḋualgas do do Ċoṁarsa?

**Freagra.** Is é mo ḋualgas do mo Ċoṁarsa, é a ġráú mar mé féin, agus beart a ḋéanaṁ le

cáċ mar b'áil liom go ndéanfaidís-sean liomsa: Grá, urraim, agus fóiriṫint a ṫaḃairt dom aṫair agus do mo ṁáṫair: Urraim agus uṁlaíoċt a ṫaḃairt T. É. [don Ḃanríon agus do gaċ aon duine atá suite i gceannas faoina réir], P. É. [dá ḃfuil curṫa i gceannas orm]: Géilleaḋ do mo rialtóirí, dom oidí, dom aoirí spioradálta, agus do mo ṁáistrí go léir: Mé féin a iompar go huṁal urramaċ dóiḃ siúd uile a cuireaḋ os mo ċionn: Gan doċar a ḋéanaṁ d'aon duine le focal ná le gníoṁ: Ḃeiṫ fírinneaċ cóir i mo ḋáil le cáċ: Gan mailís gan fuaṫ a ċoṫú i mo ċroí: Mo láṁa a staonaḋ ó ṁionġoid agus ó ḟuadaċ, agus mo ṫeanga ó ḋroċ-ċaint, ó ḃréag agus ó scannal: Mo ċorp a ċoimeád go measarṫa, stuama, geanmnaí: Gan maoin daoine eile a ṡantú ná a lorg; aċ foġlaim agus oibriú go hionraic le mo ḃeaṫa féin a ṫuilleaṁ, agus mo ḋualgas a ḋéanaṁ sa tslí ḃeaṫa úd, ina dtoileoiḋ Dia mé a ġairm.

An Ceistí.

A leanḃ ḋil, bíoḋ a ḟios agat, naċ ḃfuil sé ar do ċumas na niṫe sin a ḋéanaṁ uait féin, ná siúl in Aiṫeanta Dé, agus seirḃís a ḋéanaṁ dó, gan a ġrásta faoi leiṫ; a ċaiṫfeas tú foġlaim conas é a impí air i gcónaí le hurnaí ḋúṫraċtaċ. Cuir in iúl dom mar sin, go ḃfuil an Ṗaidir agat.

Freagra.

ÁR nAṫair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do ṫoil ar talaṁ, Mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil taḃair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, Mar a ṁaiṫimide dá gciontaíonn inár n-aġaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; Aċ saor sinn ón olc. Áiméan.



**Ceist.** Céard iarras tú ar Ḋia sa Ṗaidir sin?

**Freagra.** Iarraim ar mo Ṫiarna Dia ár nAṫair neaṁaí, bronntóir gaċ maiṫeasa, a ġrásta a ċur ċugamsa agus ċun an uile ḋuine; ċun go ndéanaimid aḋraḋ, seirḃís, agus uṁlaíoċt dó, mar is cóir. Agus guím Dia, go gcuire sé ċugainn a ḃfuil in easpa orainn, idir ċorp agus anam; agus go raiḃ trócaire aige orainn, lenár bpeacaí a ṁaiṫeaṁ; agus go mba toil leis ár dtarrṫáil agus ár gcuṁdaċ i ngaċ gá spride agus coirp; agus go gcoimeáda sé ó gaċ peaca agus urċóid sinn, agus ónár naṁaid spioradálta, agus ón mbás síoraí. Agus is í mo ṁuinín go ndéanfaiḋ sé é sin ar son a ṫrócaire agus a ċineáltais, trínár dTiarna Íosa Críost. Agus uime sin deirimse, Áiméan, go raiḃ aṁlaiḋ.

Ceist.

An mó Sacraimint a d'ordaiġ Críost ina Eaglais?

**Freagra.** Níor ordaiġ sé aċ ḋá ċeann riaċtanaċ ar cáċ ċun slánaiṫe, mar atá, an Baiste, agus Suipéar an Tiarna.

**Ceist.** Céard ṫuigeas tú as an ḃfocal sin Sacraimint?

**Freagra.** Tuigim coṁarṫa soḟeicṫe amuiġ de ġrásta spioradálta istiġ á ṫaḃairt dúinn, arna hordú le Críost féin, mar ḋeis ar an ngrásta

sin a ġabáil, agus mar ġeall deiṁniṫe dúinn air.

**Ceist.** An mó cuid bíos i Sacraimint?

**Freagra.** Bíonn an dá ċuid: an coṁarṫa so-ḟeicṫe amuiġ, agus an grásta spioradálta istiġ.

**Ceist.** Céard é an coṁarṫa nó an foirm so-ḟeicṫe amuiġ sa Ḃaiste?

**Freagra.** An t-uisce; ina mbaistear an duine in Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ.

**Ceist.** Céard é an grásta spioradálta istiġ?

**Freagra.** Bás ċun peaca, agus aṫḃreiṫ ċun na fíréantaċta; óir ó rugaḋ sa ṗeaca sinn ó ḋúċas, agus ós clann diḃeirge sinn, tríd siúd déantar clann na ngrásta dínn.

**Ceist.** Céard bíos riaċtanaċ ar ḋaoine atá le baisteaḋ?

**Freagra.** Aiṫreaċas, lena dtréigeann siad an peaca; agus Creideaṁ, lena gcreideann siad go dlúṫ gealltanais Dé a ṫugtar dóiḃ sa tSacraimint sin.

**Ceist.** Cad ċuige, mar sin, a ḃaistear naíonáin, nuair naċ dtig leo, mar ġeall ar a n-óige, an dá ġníoṁ sin a ċomlíonaḋ?

**Freagra.** De ḃrí go ngeallann siad trína gCríostíní iad araon; agus is aṁlaiḋ a ḃíonn d'iallaċ orṫu an gealltanas sin a ċur i ngníoṁ aċ teaċt ċun aoise dóiḃ.

**Ceist.** Cad ċuige ar ordaíoḋ Sacraimint Ṡuipéir an Tiarna?



**Freagra.** Ċun buanċuiṁne ar íobairt báis Ċríost, agus ar na tairḃí a ḟaiġimid dá ḃarr.

**Ceist.** Céard í an ċuid amuiġ nó an coṁarṫa i Suipéar an Tiarna?

**Freagra.** Arán agus fíon, a d'ordaiġ an Tiarna a ngabáil.

**Ceist.** Céard í an ċuid istiġ, nó an ní coṁarṫaiṫe?

**Freagra.** Corp agus Fuil Ċríost, a ġlactar agus a ġabtar go deiṁin dearfa i Suipéar an Tiarna ag luċt creidiṁ.

**Ceist.** Conas a ġlactar agus a ġabtar Corp agus Fuil Ċríost i Suipéar an Tiarna?

**Freagra.** Ar ċuma neaṁaí spioradálta aṁáin; agus is é an Creideaṁ an meán lena nglactar agus a ngaḃtar iad.

**Ceist.** Céard iad na tairḃí a ngabaimid páirt iontu dá ḃarr?

**Freagra.** Go ndéanann Corp agus Fuil Ċríost ár n-anamaċa a neartú agus a aṫnuaċaint ar an nós ċéanna agus a ḋéanas an t-arán agus an fuil dár gcorp.

**Ceist.** Céard bíos riaċtanaċ ar ḋaoine ṫagas ċun Suipéir an Tiarna?

**Freagra.** Iad féin a scrúdú, féaċaint an ḃfuil aiṫreaċas dáiríre orṫu faoi na peacaí a rinneadar ċeana, agus an ḃfuil cinnteaċt de rún daingean acu beaṫa nua a ċaiṫeaṁ; an ḃfuil beoċreideaṁ acu i dTrócaire Dé trí Ċríost, mar aon le cuiṁneaṁ buíoċ ar a ḃás-san; agus an ḃfuil grá acu do ċáċ.

¶ Caiṫfiḋ Cúráideaċ gaċ uile Ṗaróiste leanaí Ṗaróiste a ṫeagasc agus a ċur faoi scrúdú go dúṫraċtaċ sa Teagasc Críostaí seo am ar biṫ is dóiġ leis ḃeiṫ tráṫúil; agus ar an Doṁnaċ agus ar na ḟéiltí, tar éis an Dara Léaċta in Urnaí na Nóna, nó ar am ar biṫ eile ḃíos tráṫúil, tiġ leis, le cead an Ordaiṫeora, cibé méid is áil leis de na leanaí a ṫeagasc agus a ċur faoi scrúdú os coṁair na hEaglaise i gcuid éigin den Teagasc Críostaí.

¶ Agus caiṫfiḋ na hAiṫreaċa, na Máiṫreaċa, na Máistrí, agus na Máistreásaí uile iallaċ a ċur ar a leanaí, ar a ngiollaí, agus ar a bṖríntíseaċa teaċt ċun an teagaisc sin um an am atá ceapṫa.

¶ An túisce ṫagann leanaí ċun aoise oiriúnaí, agus go dtagann leo an Ċré, an Ṗaidir, agus na Deiċ nAiṫeanta a rá as a dteanga dúċais, agus go bfuilid arna dteagasc níos faide fós sa Teagasc Críostaí seo, tugtar i láṫair an Easpaig iad lena ndaingniú faoina láiṁ.

¶ Agus nuair fógraíos an teaspag leanaí a ṫabairt ċun a ndaingniṫe faoina láiṁ, tugaḋ Cúráideaċ gaċ Paróiste leis, nó cuireaḋ sé uaiḋ, scríofa faoina láiṁ, ainm gaċ duine sa Ṗaróiste aige, is dóiġ leis ḃeiṫ oiriúnaċ le tabairt i láṫair an Easpaig, lena ndaingniú. Agus más aṁlaiḋ ḃíos an teaspag sásta leo, déanaḋ sé iad a ḋaingniú mar leanas anseo.

# ORD AN DAINGNIṪE.

nó láṁa a ċur ar aon duine a baisteaḋ agus atá in aois na céille.

¶ Ar an lá cinnte, bíoḋ a bfuil lena ndaingniú ina seasaṁ in ord agus in eagar os coṁair an Easpaig; agus léaḋ seisean nó Ministir éigin eile atá ceapṫa aige an Réaṁrá seo leanas:

D'Ḟonn an Daingniú a ṁineastráil ar ċaoi gur móide a leas d'aon duine a ġlacfas é, ba í toil na hEaglaise í a rialú, gan aon duine a ḋaingniú feasta, aċ aṁáin an té féadas an Ċré, an Ṗaidir, agus na Deiċ nAiṫeanta a rá; agus a fuair a ṫuilleaḋ teagaisc sa Teagasc Críostaí, a foilsioḋ faoina ċionn sin: Is cóir go deiṁin an riail sin a ċoimeád; d'ḟonn go ndéana páistí, ar dteaċt dóiḃ ċun aoise na céille, agus ar bfoġlaim dóiḃ gaċ ar ġeall a nAiṫreaċa Baiste agus a Máiṫreaċa Baiste ar a son sa Ḃaiste, na geall-tanais sin féin a ḋeiṁniú agus a ḋaingniú as a stuaim féin go poiblí i láṫair na hEaglaise; agus go ngeallá siad, leis, iarraċt a ḋéanaṁ feasta, aċ grásta Dé ḃeiṫ leo, ar na nite sin dar aontaíodar as a dtoil féin, a ċoimeád go dílis.

¶ Tugaḋ an teaspag óráid ansin, más mian leis, don dream a ḋaingneofar.

¶ Abraḋ an teaspag ansin,

An bfuil siḃ ag aṫnuaċaint agus ag daingniú anseo, i láṫair Dé agus an Ṗobail seo, geallṫanais agus móide sollúnta ḃur mḂaiste?

Freagra. Táim.

An tEaspag.

AN ndiúltaionn siḃ don diaḃal agus dá oibreaċa uile, d'uaḃar díomaoin agus do ṁórgaċt an tsaoil, mar aon lena ṁianta santaċa uile, agus d'ainṁianta na colainne, ar ċuma naċ leanfaiḋ siḃ iad, agus naċ dtreorófar siḃ acu?

**Freagra.** Diúltaim dóiḃ uile.

An tEaspag.

AN gcreideann siḃ i nDia an tAṫair Uileċumaċtaċ, Cruṫaiṫeoir neiṁe agus talaiṁ? Agus in Íosa Críost a Aon-Ṁacsan ár dTiarna? Agus gur gaḃaḋ ón Spiorad Naoṁ é, gur rugaḋ ón Ṁaiġdean Ṁuire é; gur ḟulaing sé páis faoi Ṗointias Píoláid, gur céasaḋ ar ċroiċ é, go ḃfuair sé bás, agus gur aḋlacaḋ é; go ndeaċaiġ sé síos go hIfreann, agus gur éiriġ sé arís ar an treas lá ó na mairḃ; go ndeaċaiġ sé suas ar neaṁ, agus go ḃfuil sé ina ṡuí ar deis Dé an tAṫair Uileċumaċtaċ; agus gurb as sin a ṫiocfas sé ċun breiṫiúnas a ṫaḃairt ar ḃeoḋa agus ar ṁairḃ? Agus an gcreideann siḃ sa Spiorad Naoṁ; an Naoṁ-Eaglais Ċaitliceaċ; Cumann na Naoṁ; Maiṫiúnas na bpeacaí; Aiséirí na colainne; agus an ḃeaṫa ṡíoraí?

**Freagra.** Creidim é sin uile go dlúṫ, daingean.

An tEaspag.

AN gcoimeádfaiḋ siḃ go huṁal, mar sin, naoṁtoil Dé, agus a Aiṫeanta, agus an siúlfaiḋ siḃ ionta ar feaḋ ḃur saoil?

**Freagra.** Déanfad, le cúnaṁ Dé.



¶ Éiríoḋ an pobal ina seasaṁ ansin, agus abraḋ an tEaspag,

TÁ ár gcaḃair in Ainm an Tiarna;
**Freagra.** A rinne neaṁ agus talaṁ.
**An tEaspag.** Go mbeannaiṫear Ainm an Tiarna;
**Freagra.** Feasta, go saol na saol.
**An tEaspag.** A Ṫiarna, éist lenár nguí;
**Freagra.** Agus go dtaga ár ngáir go dtí tú.

¶ Téaḋ an pobal ar a nglúna ansin, agus an dream a ḋaingneofar, agus abraḋ an tEaspag, agus é ina ṡeasaṁ go fóill,

## Guímis

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, ṡíorḃeo, a ḋeonaiġ iad seo, do ṡeirḃísiġ, a aṫġiniúint le hUisce agus leis an Spiorad Naoṁ, agus a ṫug maiṫiúnas a bpeacaí go léir dóiḃ; Guímid tú, a Ṫiarna, iad a neartú leis an Spiorad Naoṁ, an Fortaiṫeoir, agus d'ilṫaḃartais grásta a ṁéadú ionta ó lá go lá; sprid na heagna agus na tuisceana; sprid na comairle agus an nirt spioradálta; sprid an feasa agus na fíorḋiagaċta; agus líon iad, a Ṫiarna, de sprid do naoṁeagla, anois agus go deo. Áiméan.

¶ Téidís go léir ar a nglúna ansin in ord agus in eagar os coṁair an Easpaig, agus cuireaḋ sé a láṁ ar ċeann gaċ duine acu fá seaċ, á rá,

CUṀDAIĠ, a Ṫiarna, é [í] seo do Ṗáiste [nó é [í] seo do ṡeirḃíseaċ] le do ġrásta neaṁaí, go mba leatsa é [í] go deo; agus go méadaí sé [sí] ó lá go lá i do Spiorad Naoṁ, go teaċt dó [di] sa deireaḋ ċun do ríoċta síoraí. Áiméan.

¶ Is ceadṁaċ go leanfaḋ iomann anseo, agus go labróḋ an tEaspag leis an dream atá tar éis a ndaingniṫe, más cuí leis.

¶ Abraḋ an tEaspag ansin,

Go raiḃ an Tiarna liḃ;
**Freagra.** Agus le do spridse.

¶ Agus ar ndul dóiḃ uile ar a nglúna leanaḋ an tEaspag mar seo,

Guímis.

Ár nAṫair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do ṫoil ar talaṁ, mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil tabair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, mar a ṁaiṫimidne dá gciontaíonn inár n-agaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; Aċ saor sinn ón olc. Áiméan.

¶ Agus an Orṫa seo leanas,

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, ṡíorḃeo, údar tola agus gníṁ dá ḃfuil go fiúntaċ taitneaṁaċ ionainn i láṫair do Ṁórgaċta Diaġasa; Guímid go humal tú ar a son seo, do ṡeirḃísiġ, ar a ḃfuilimid tar éis ár láṁa a ċur (ar nós d'Aspail naofa), in urrús dóiḃ (tríd an gcoṁarṫa sin) ar do ṗáirteaċt leo agus ar do ṁaiṫeas grástúil ċuca. Guímid go raiḃ do láṁ aiṫriúil os a gcionn go deo; go raiḃ do Spiorad Naoṁ leo i gcónaí; agus treoraiġ in eolas agus in uṁlaíoċt do Ḃriaṫair iad, ar ċaoi go ḃfaiġe siad, ar deireaḋ, an ḃeaṫa ṡíoraí; trínár dTiarna Íosa Críost, a ṁaireas i ríoċt mar aon leatsa agus leis an Spiorad Naoṁ, aon Dia aṁáin go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.



¶ Agus é seo leanas, nó Orṫa éigin eile as an leaḃar seo, mar is áil leis,

A Ḋia, ar noċtaḋ do Ṁac ḃeannaiṫe ionas go scriosfaḋ sé oiḃreaċa an diaḃail, agus go ndéanfaḋ sé clann Dé agus oiḋrí na ḃeaṫa síoraí dínn; Áċainímid ort, ós é sin ár ndóċas, a ḋeonú dúinn ḃeiṫ dár nglanaḋ féin ó smál, mar naċ ḃfuil glaine ann go dtí é; ar nós an uair a noċtfaiḋ sé arís go cuṁaċtaċ, mórġlórmar, go ndéantar sinn féin cosúil leis i ríoċt na glóire síoraí; mar a maireann sé ina rí mar aon leatsa, a Aṫair, agus leatsa, a Spioraid Naoiṁ, Aondia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

¶ Is ceadṁaċ iomann a gaḃáil ansin.

¶ Beannaíoḋ an tEaspag ansin iad, á rá:

Beannaċt Dé Uileċumaċtaiġ, an tAṫair, an Mac, agus an Spiorad Naoṁ, oraiḃ, agus go ḃfana liḃ go deo. Áiméan.

¶ Nuair naċ mineastráltar an daingniú seo aċ aṁáin do ḋaoine a baisteaḋ agus iad fásta, fágtar ar lár an Reaṁrá.

¶ Ba ċeart do gaċ aon duine teaċt lena ḋaingniú (aċ aṁáin cúis ṗráinneaċ éigin ḃeiṫ á ḃac) sula nglaca sé páirt i Suipéar an Tiarna.

# FOIRM

# SOLLÚNAIṪE AN ṖÓSTA.

¶ Caiṫfear gairmeaċa na ndaoine uile atá le pósaḋ in éineaċt (aċ aṁáin nuair a ḟaiġtear Ceadúnas Pósta) a ḟógairt san Eaglais trí Ḋoṁnaiġ nó Féilte fá seaċ, le linn na hOifige Diaga, tar éis Cré Nis, nó díreaċ tar éis an Dara Léaċta le linn Urnaí na Maidine nó na Nóna; an Cúráideaċ á rá mar is gnáċ.

FÓGRAIM gairmeaċa Posta idir M. as —— agus N. as ——. Más eol d'aon duine agaiḃ áḃar, nó fíorċol, faoi nár ċóir an ḃeirt seo a ligean faoi ċuing an Ṗósta naofa, tá oraiḃ é a ḟoilsiú. Is í seo an ċéad [an dara, nó an treas] uair á iarraiḋ.

¶ Agus má tá cónaí ar ḃeirt atá le pósaḋ i bparóistí éagsúla, ní mór na gairmeaċa a ḟógairt sa dá ṗaróiste; agus ní ḋéanfaiḋ an Cúráideaċ i bparóiste acu an Pósaḋ a ṡollúnú eatarṫu, gan deiṁniú ó Ċúráideaċ an ṗaróiste eile gur fógraíoḋ na gairmeaċa faoi ṫrí.

¶ Ar an lá agus san am ċinnte ċun sollúnaiṫe an Pósta, tiocfaiḋ na Daoine atá le pósaḋ isteaċ i gCabail an Teampaill in éineaċt lena gcairde agus lena gcoṁarsana: agus iad ina seasaṁ ansin le ċéile, an Fear ar ḋeis agus an Ḃean ar ċlé, déarfaiḋ an Sagart,

A ĊAIRDE na páirte, táimid cruinniṫe le ċéile anseo i ḃfianaise Dé, agus os coṁair an Poḃail seo, ċun an Fear seo agus an Ḃean seo a ċur faoi ċuing an Ṗósta naofa; is inṁe urramaċ í a ḃunaiġ Dia san am ina raiḃ an duine neaṁurċóideaċ, agus ciallaíonn sé dúinn an aontaċt rúndiamraċ idir Críost agus a Eaglais; dealraiġ agus sciaṁaiġ Críost an inṁe naofa seo nuair a ṫáinig sé i láṫair agus rinne a ċéad ḟeart i gCána Ġailílé; agus moltar sa Scriptúr naofa í a ḃeiṫ ina díol urraime i measc daoine i gcoiteann: agus ar an áḃar sin níor ċóir d'aon duine a ṫionscnaṁ,





ná a gaḃáil air féin gan ṁaċnaṁ, ná go tobann, éadrom; aċ go hurramaċ, céillí, tuisceanaċ, stuama, agus in uaṁan Dé; ag smaoineaṁ mar is dual ar na háḃair faoinar ḃunaíoḋ an Pósaḋ.

Ar dtús, leis an gcine daonna a ḟairsingiú, de réir tola Dé, agus le clanna agus teaġlaiġ a riaraḋ, ċun go dtógfar leanaí in eagla agus in oiliúint an Tiarna, agus lena Naoṁainm a ṁórú;

An dara háḃar, le coṁċeangal fir agus mná á naoṁú, agus le peaca a ṡeaċaint;

An treas áḃar faoi ċoinne an ċomluadair, an ċúnaiṁ, agus na fortaċta ar ċóir dóiḃ a ṫaḃairt dá céile trí ṡéan agus trí léan.

Is le dul faoi ċuing na hinṁe naofa sin a ṫagann an ḃeirt seo i láṫair anois. Dá ḃrí sin, más féidir le haon duine áḃar cóir ar biṫ a ḟoilsiú faoi nár ḋleaṫaċ iad a ċoṁċeangal, labraíoḋ sé anois, nó fanaḋ sé ina ṫost go deo.

(¶ Tugtar aire, nuair a ṫagann breis agus fear aṁáin agus bean aṁáin le pósaḋ san am ċéanna, déarfar an ṁéid seo leanas, go dtí an Salm, le gaċ beirt fá seaċ.)

¶ Ansin, agus é ag labairt leis na Daoine atá le pósaḋ, déarfaiḋ sé,

FÓGRAÍM agus aiṫnim oraiḃ araon, de réir mar ḃeiḋ siḃ freagraċ lá uafar an ḃreiṫiúnais nuair a noċtfar rúin gaċ uile ċroí, más eol do ċeaċtar agaiḃ col ar biṫ faoi nár ḋleaṫaċ siḃ a ligean faoi ċuing an Ṗósta, go n-admaí siḃ anois é. Mar bígí cinnte, daoine a ċeanglaítear i moḋ ar biṫ seaċas mar a ċeadaíonn Briaṫar Dé é, naċ é Dia a ċeanglaíonn iad, agus naċ dleaṫaċ a bPósaḋ.

¶ Ar an lá sin an ṗósta, má ċúisíonn nó má ḟoilsíonn aon duine col ar biṫ, faoi nár ċóir iad a ligean faoi ċuing an ṗósta, de réir dlí Dé, nó de réir dlíṫe na Tíre seo; agus go gceanglóiḋ sé é féin, agus urraí aċmainneaċa leis, de na daoine atá i gceist; nó go dtaḃarfaiḋ sé coraíoċt (ba lánċúiteaṁ do na daoine atá le pósaḋ in aon doċar a ḟulaingeoidís) ina ċúiseaṁ a ḋeiṁniú: ní mór ansin an sollúnú a ċur ar atlá, go bḟionntar an ḟírinne.

¶ Mura ndéantar toirmeasc ar biṫ, ansin déarfaiḋ an Cúráideaċ leis an bḟear,

M. An toil leat an ḃean seo a ḃeiṫ agat mar do ḃean ṗósta, ċun bur mbeaṫa a ċaiṫeaṁ i bḟoċair a ċéile de réir reaċta Dé i ndáil naofa an ṗósta? An toil leat grá, fortaċt agus urraim a taḃairt di, agus í a ċuṁdaċ in easláinte agus i sláinte; agus, ag tréigean gaċ uile ṁná eile, tú féin a ḋlúṫú léise amáin, faid is ṁairfiḋ siḃ araon?

¶ Freagróiḋ an fear,

Is toil liom.

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart leis an mbean,

N. An toil leat an fear seo a ḃeiṫ agat mar d'ḟear pósta, ċun bur mbeaṫa a ċaiṫeaṁ i bḟoċair a ċéile de réir reaċta Dé i ndáil naofa an ṗósta? An toil leat géilleaḋ dó, freastal air, grá agus urraim a taḃairt dó, agus é a ċuṁdaċ in easláinte agus i sláinte; agus ag tréigean gaċ uile ḟir eile, tú féin á ḋlúṫú leis-sean amáin faid is ṁairfiḋ siḃ araon?

¶ Freagróiḋ an ḃean,

Is toil liom.



¶ Ansin déarfaiḋ an Ministir,

Cé ṫugas an ḃean seo le pósaḋ ar an bḟear seo?

¶ Ansin taḃarfaid a ngeallṫanas dá ċéile ar an moḋ seo: Ar ngaḃáil na mná don ṁinistir as láṁa a haṫar nó a carad, taḃarfaiḋ sé faoi deara ar an bḟear breiṫ ar láiṁ ḋeas na mná lena láiṁ ḋeas féin, agus a rá ina ḋiaiḋ mar leanas:

Mise M., gaḃaim tú N. mar mo ḃean ṗósta, le ḃeiṫ agam agus le do ḋlúṫú liom ón lá seo amaċ, más fearr más measa dúinn, más saiḃir más daiḃir, in easláinte agus i sláinte, le grá agus le téagar duit, go scara an bás sinn, de réir naoiṁreaċta Dé; agus tugaim mo ġeallṫanas duit faoi.

¶ Ansin scaoilfid a láṁa; agus ar mbreiṫ don ḃean lena láiṁ ḋeas ar láiṁ ḋeas an ḟir, déarfaiḋ sí mar an gcéanna i ndiaiḋ an ṁinistir,

Mise N., gaḃaim tú M. mar m'ḟear pósta le ḃeiṫ agam agus le do ḋlúṫú liom ón lá seo amaċ, más fearr más measa dúinn, más saiḃir más daiḃir, in easláinte agus i sláinte, le grá agus le téagar duit, ag géilleaḋ duit, go scara an bás sinn, de réir naoiṁreaċta Dé, agus tugaim mo ġeallṫanas duit faoi.

¶ Ansin scaoilfid arís a láṁa; agus taḃarfaiḋ an fear fáinne don ḃean, á leagan ar an leaḃar leis an ngnáṫḋualgas don Sagart agus don Ċléireaċ. Agus ar dtógáil an ḟáinne don Sagart, taḃarfaiḋ sé don ḟear é, lena ċur ar an gceaṫrú méir de láiṁ ċlé na mná. Agus ar gcoinneáil an ḟáinne ansin don ḟear, déarfaiḋ sé de réir treoraċ an tSagairt,

Pósaim tú leis an bḟáinne seo, umlaím duit le mo ċolainn, bronnaim ort a bḟuil de ṁaoin ṡaolta agam; in Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ. Áiméan.

¶ Ansin, ar ḃfágáil an ḟáinne ar an gceaṫrú méir de láiṁ ċlé na Mná dó, raċaid araon ar a nglúna; agus, an Pobal ina seasaṁ go fóill, déarfaiḋ an Ministir,

## Guímis.

A DÉ SÍORAÍ, a Ċruṫaiṫeoir agus a Ċuṁdaiṫeoir an ċine daonna uile, a Ṫiolaiceoir gaċ uile Ġrásta an Spioraid, a Úḋair na beaṫa suṫaine; seol do ḃeannaċt orṫu seo do ṡearḃóntaí, an fear seo agus an ḃean seo, atá á mbeannú againn id Ainmse; ċun, mar a ċaiṫ Ísaac agus Rebecca a saol go dílis i ḃfoċair a ċéile, go gcomlíona na daoine seo agus go seasaíd go daingean mar an gcéanna an ṁóid agus an conraḋ a rinneaḋ eatarṫu (darb coṁarṫa agus coraíoċt an Fáinne seo a tugaḋ agus a glacaḋ), agus go mairid de ṡíor i ngrá foirfe agus i síoċáin lena ċéile, ag caiṫeaṁ a saoil de réir do ḋlíṫe; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Ansin cuirfiḋ an Sagart a ḋá láiṁ ḋeasa le ċéile, agus déarfaiḋ sé,

NÁ scaoileaḋ duine ar biṫ ó ċéile iad seo a ċeangail Dia le ċéile.

¶ Ansin labarfaiḋ an Ministir leis an bPobal:

DE ḃrí gur aontaiġ M. agus N. le ċéile i bpósaḋ naofa, agus gur ṫugadar Dia agus an coṁluadar seo i ḃfianaise air sin; agus gur ṫugadar a ngeallṫanas dá ċéile faoi, agus gur ḋearḃaíodar é trí fáinne a ṫabairt agus a ġlacaḋ, agus trí ṡnaḋmaḋ láṁ; fógraím ina lánúin ṗósta iad, in Ainm an Aṫar, agus an Ṁic, agus an Spioraid Naoiṁ. Áiméan.



¶ Agus cuirfiḋ an Ministir an Ḃeannaċt seo leis sin:

GO mbeannaí agus go gcaoṁnaí agus go gcuṁdaí Dia an tAṫair, Dia an Mac, Dia an Naoṁspiorad, siḃ; go ḃféaċa an Tiarna go trócaireaċ oraiḃ lena ċineáltas; agus go líona sé siḃ le gaċ uile ḃeannaċt spioradálta agus gaċ uile ġrás, ċun go gcaiṫe siḃ ḃur saol le ċéile abus i gcuma go mbí an ḃeaṫa ṡuṫain agaiḃ sa saol atá le teaċt. Áiméan.

¶ Ansin, ar ndul don Ṁinistir nó do na Cléiriġ ċun Ḃoird an Tiarna, déarfaid nó canfaid an Salm seo leanas:

Beati omnes.

Salm 128.

IS beannaiṫe a mbíonn eagla an / Tiarna / orṫu: agus a / ṡiúlas / ina / ṡlite.

Íosfaiḋ tú toraḋ / saoṫair ' do / láiṁ: is maiṫ mar tá tú, agus is agat a / ḃeiḋ an / saol / aoiḃinn.

Ḃeiḋ do ċéile mná mar an ċraoḃ / torṫaċ ' fín/iúna: a/tá ar / ḃallaí ' do / ṫí.

Ḃeiḋ do ċlann mar ġasa / crainn / ola: i / dtim/peall do / ḃoird.

Sin daoiḃ an ḃeannaċt a / ḃíos ' ar an / duine: a mbíonn / eag'la an / Tiarna / air.

Ḃeiḋ an Tiarna do do ḃeannú a/maċ as / Sión: ar nós go ḃfeicfiḋ tú an séan ar Iarúsalem i / riṫ / do / ṡaoil.

Agus go ḃfeicfiḋ tú clann do / ċlainne ' gan / aṁras: agus an / tsíoċ/áin ar / Iosrael.

Glóir don Aṫair, / agus ' don / Ṁac: agus / don / Spiorad / Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a / ḃeas go / bráċ: trí / ṡaol na / saol. Ái/méan.

nó an Salm seo:
Deus misereatur.
Salm 67.

Go ndéana Dia trócaire orainn, agus go / mbeannaí ' sé / sinn: go dtaispeána sé solas a ġnúise dúinn, agus go / ndéana ' sé / trócai're / orainn.

Go raiḃ eolas do ṡlí ar / fuaid an / talaiṁ: eolas do / ṡlánai'te ag / gaċ / náisiún.

Molaḋ na ciníoċa / tú, a / Ḋia: ná raiḃ / duine ' naċ / mbeiḋ do do / ṁolaḋ.

Déanaḋ na náisiúin lúċáir / agus / gairdeas: óir déanfaiḋ tú ceart don pobal, agus rialóiḋ tú / náis/iúin an / doṁain.

Molaḋ na ciníoċa / tú, a / Ḋia: ná raiḃ / duine ' naċ / mbeiḋ do do / ṁolaḋ.

Taḃarfaiḋ an talaṁ a tortaí / uaiḋ an-/sin: agus cuirfiḋ Dia, ár nDia / féin, a / ḃeannaċt / orainn.

Cuirfiḋ Dia a / ḃeannaċt / orainn: agus beiḋ a uaṁan ar gaċ / uile / ċeorainn ' den / doṁan.

Glóir don Aṫair, / agus ' don / Ṁac: agus / don / Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a / ḃeas go / bráċ: trí / ṡaol na / saol. Ái/méan.

¶ Ar gcríoċnú an tSailm, agus ar mbeiṫ don ḟear agus don ḃean ar a nglúna os coṁair ḃoird an Tiarna, agus ar mbeiṫ don Sagart ina ṡeasaṁ ag an mbord, taḃarfaiḋ sé a agaiḋ orṫu, agus déarfaiḋ sé,



Guímis.

A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

**Freagra.** A Ċríost, déan trócaire orainn.

**Ministir.** A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

Ár nAṫair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do toil ar talaṁ, mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil taḃair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, mar a ṁaiṫimid dá gciontaíonn inár n-agaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; aċ saor sinn ón olc. Áiméan.

**Ministir.** A Ṫiarna, saor d'óglaċ agus do ḃanóglaċ;

**Freagra.** A ċuireann a n-iontaoiḃ ionat.

**Ministir.** A Ṫiarna, cuir cúnaṁ ċuċu ód ionad naofa;

**Freagra.** Agus cosain de ṡíor iad.

**Ministir.** Go mba túr nirt dóiḃ tú;

**Freagra.** In éadan a naṁad.

**Ministir.** A Ṫiarna, éist lenár nguí;

**Freagra.** Agus lig dár n-éaṁ roċtain ċugat.

Ministir.

A Ḋia Abraċaim, a Ḋia Ísaac, a Ḋia Iácóib, beannaiġ na searḃóntaí seo agat, agus cuir síol na beaṫa síoraí ina gcroí; ċun go gcuiriḋ i ngníoṁ a ḃfoġlaimeoiḋ go tairḃeaċ i do Ḃriaṫar naofasa. Breaṫnaiġ orṫu, a Ṫiarna, go trócaireaċ ó neaṁ, agus beannaiġ iad. Agus, fé mar a ṡeolais do ḃeannaċt ar Abraċam agus ar Sára, ċun a

mórḟortaċta, mar an gcéanna deonaiġ do ḃeannaċt a ṡeolaḋ orṫu seo do ṡear-ḃóntaí; ar ċaoi, ar ngéilleaḋ dóiḃ do do ṫoil, agus ar mbeiṫ dóiḃ de ṡíor slán faoi do ċoimirce, go mairid i do ġrá go críoċ a saol, trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Is ceadṁaċ ansin an urnaí seo leanas a rá:

A Ṫiarna trócairiġ agus a Aṫair neaṁaí, arḃ trí do ḃeannaċt ġrásúil a fairsing-ítear an cine daonna; ḃronn, guímid ṫú, orṫu seo do ṡearḃóntaí slioċt agus toirḃirt clainne, agus deonaiġ go mairid i ḃfoċair a ċéile i ngrá diaga agus i gcneastaċt ċoṁ fada sin go ḃfeicid a gclann oilte go Críostúil agus go suáilceaċ, ċun do ṁolta agus d'onóra; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A Ḋia, a ċum trí do ṫréanċumaċt gaċ uile ní de neaṁní; do ċinn fós (ar mbeiṫ do gaċ ní eile in eagar) ar ḃean a ġaḃáil a túis as an ḃfear (a cruṫaíoḋ de réir d'íomá agus do ċosúlaċta féin); agus arna snaḋmaḋ le ċéile, do teagaisc nár ḋleaṫaċ ċoiċe iadsan a scaoileaḋ óna ċéile dá ndearna tusa aon ċolainn sa Ṗósaḋ; a Ḋia, a ċoisric an saol pósta i moḋ is go gcuireann sé i gciall agus go dtaispeánann sé an pósaḋ spioradálta agus an aontaċt idir Críost agus a Eaglais; breaṫnaiġ go trócaireaċ orṫu seo do ṡear-ḃóntaí, ċun go dtuga an fear seo grá dá ḃean ċéile, de réir do Ḃriaṫair (fé mar a ṫug Críost grá dá nuaċar an Eaglais, á ṫaḃairt féin ar a son, á gráú agus á ċoṫú mar a feoil



féin), agus mar an gcéanna go mbí an ḃean seo ceanúil, láċ, dílis, uṁal dá fear ċéile; agus go leana sí na máiṫreaċa naofa diaga i gcliúnas, i stuamaċt agus i síoċáin iomlán. A Ṫiarna, beannaiġ iad araon, agus deonaiġ dóiḃ teaċt in oiḋreaċt do ríoċta suṫaine; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart,

Ḋia Uileċuṁaċtaċ, a ċruṫaiġ ar dtús ár gcéadsinsir, Áḋaṁ agus Éaḃa, agus a naoṁaiġ agus a ċeangail le ċéile iad sa ṗósaḋ; doirteaḋ sé oraiḃ saiḃreas a ġrásta, naoṁ-aíoḋ sé agus beannaíoḋ sé siḃ, go mba ṫaiṫ-neaṁaċ leis siḃ i gcolainn agus in anam, agus go maire siḃ i ḃfoċair a ċéile i ngrá naofa go críoċ ḃur saoil, Áiméan.

¶ Ina diaiḋ sin, mura mbíonn seanmóir ann ag poilsiú dualgas fir ċéile agus bean ċéile is ceadṁaċ don Ṁinistir an méid seo leanas a léaṁ.

Siḃse uile atá pósta, nó atá ar intinn dáil naofa an Ṗósta a ġaḃáil oraiḃ, éistigí cad adeir an Scriopṫúir naofa i dtaoḃ dualgas na ḃfear dá mná, agus na mban dá ḃfir.

Naoṁ Pól, ina Eipistil ċun na nEifisianaċ, laḃraíonn sé mar leanas le gaċ uile fear pósta: A ḟeara pósta, tugaigí grá Eif. 5. 25.
do ḃur mná, fé mar a ṫug Críost grá don Eaglais, agus gur ṫoirḃir sé é féin ar a son; ċun go naoṁaíoḋ agus go nglanaḋ sé í le hionlaḋ uisce tríd an mḂriaṫar, ċun go mbronnaḋ sé air féin í ina hEaglais ġlórmar, gan smál gan roc, ná aon ní den sagas; aċ

ċun go mbeaḋ sí naofa, gan aineaṁ. Is ar an gcuma sin ba ċóir do na fir grá a ṫabairt dá mná mar a ṫabarfaidís grá dá gcolainn féin. An té a ṫugann grá dá ḃean, tugann sé grá dó féin; arae ní raiḃ fuaṫ ag duine riaṁ dá ċolainn féin; aċ tugann sé beaṫa agus cuṁdaċ di, de réir mar a ṫugann an Tiarna don Eaglais: mar is baill sinn dá ċorp, dá ḟeoil, agus dá ċnáṁa. Ar an áḃar sin is cóir d'ḟear a aṫair agus a ṁáṫair a ṫréigean agus dlúṫú lena ḃean; agus beid beirt ina n-aon ċolainn aṁáin. Is mór an rúndiaṁair í sin: aċ labraim faoi Ċríost agus an Eaglais. Ar a ṡon sin féin tugaḋ gaċ duine agaiḃ fá seaċ grá dá ḃean mar a ṫabarfaḋ dó féin.

Éistigí, mar an gcéanna, lena ndeireann Naoṁ Peadar, a ḃí féin ina ḟear pósta, leosan atá pósta: A ḟeara pósta, cónaigí i ḃfoċair ḃur mban de réir ḃur n-eolais, ag tabairt urraime don ḃean, ós de ġné níos laige í, agus gur coṁoiḋrí siḃ ar ġrásta na beaṫa; ċun naċ dtoirmisctear ḃur n-urnaí. 1 Pṁ. Pead. 3. 7.

Sa méid sin, ċuala siḃ dualgas an ḟir ċéile don ḃean ċéile: Éistigí anois, mar an gcéanna, a ṁná, agus foġlaimigí ḃur ndualgais do ḃur ḃfir, fé mar a léirítear go follas sa Scrioptúr naofa é.

Múineann Naoṁ Peadar siḃ leis na ráite seo: A ṁná, bígí uṁal do ḃur ḃfir; i moḋ, má tá daoine eatartu naċ ngéilleann don Ḃriaṫar, go dtarraingítear iad san freisin in éagmais an Ḃriaṫair trí iompar a mban; nuair a airíd 1 Pṁ. Pead. 3. 1.



ḃur n-iompar geanmnaí in éineaċt le heagla. Nára forimeallaċ ḃur maisiú, agus siḃ ag fí ḃur gcuid gruaige, agus ag ḃur ngléasaḋ féin le hór agus le héadaí; aċ go mba ṁaisiú folaiṫe sa ċroí é, an ní atá doṫruaillite, is é sin, maisiú spride ceansa, ciúine, atá sár-luaċmar i ḃfianaise Dé.

Naoṁ Pól fós, san Eipistil réaṁráite ċun na hEifisianaċ, múineann sé siḃ mar leanas: A ṁná, bígí uṁal do ḃur ḃfir féin, mar a ḃeaḋ siḃ don Tiarna. Eif. 5. 22. Arae is é an fear ceann na mná, fé mar is é Críost ceann na hEaglaise: agus is é Slánaiṫeoir na colainne é. Dá réir sin, fé mar a ġéilleann an Eaglais do Ċríost, gurb aṁlaiḋ a ḃeas na mná dá ḃfir féin i ngaċ uile ní. Agus adeir freisin, féaċaḋ an ḃean ċuige go dtuga sí urraim dá fear.

Agus ina litir ċun na gColoisianaċ, tugann Naoṁ Pól an ceaċt gairid seo daoiḃ: A ṁná, géilligí do ḃur ḃfir, mar is cuí sa Tiarna. Col. 3. 18.

¶ Is ceadmaċ aintiún nó iomann a ċanaḋ anseo.

¶ Mura gceiliúrtar an Ċomaoineaċ Naofa, déarfaiḋ an Ministir ansin,

Guímis.

A Tiarna Uileċuṁaċtaiġ, agus a Ḋia Ṡíor-ṁarṫanaiġ, deonaiġ, sirimid ort, ár gcroí agus ár gcolainn araon a ḋíriú, a naoṁú, agus a rialú i slite do reaċt, agus in oibreaċa d'aiteanta; ionas go gcoimnítear slán sinn idir corp agus anam faoi ḋíon do lánċuṁaċta, anois agus go brác, trínár dTiarna agus ár Slánaiṫeoir Íosa Críost. Áiméan.

Go raiḃ grásta ár dTiarna Íosa Críost, agus grá Dé, agus cumann an Spioraid Naoiṁ againn anois agus go bráċ. Áiméan.

¶ Is cuí go nglacfaḋ na lánúna nua an Ċomaoineaċ Naofa ar uair a bpósta, nó a ṫúisce agus is féidir ina ḋiaiḋ.

¶ Má ċeiliúrtar an Ċomaoineaċ Naofa le linn pósta, léifear an Orṫa, Eipistil agus Soiscéal seo leanas:

## An Orṫa.

A Ḋia ṡíoraí, guímid go huṁal tú dearcaḋ go ceansa orṫu seo do ṡearḃóntaí anois faoi ċuing an pósta de réir d'ḟoláiriṁ naofa; agus deonaiġ, agus iad ag iarraiḋ i dtosaċ do ríoċta agus d'ionracais, go ḃfaiġid beannaċta iomadúla do ġrásta; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil. Eif. 5. 20.

Ag tabairt buíoċais i dtólaṁ faoi gaċ uile ní do Ḋia, an tAṫair, in Ainm ár dTiarna Íosa Críost; ag géilleaḋ dá ċéile in uaṁan Dé. A mná, bígí uṁal do ḃur ḃfir féin, mar a ḃeaḋ siḃ don Tiarna. Arae is é an fear ceann na mná, fé mar is é Críost ceann na hEaglaise: agus is é Slánaiṫeoir na colainne é. Dá réir sin, fé mar a ġéilleann an Eaglais do Ċríost, gurb aṁlaiḋ a ḃeas na mná dá ḃfir féin i ngaċ uile ní. A ḟeara pósta, tugaigí grá do ḃur mná, fé mar a ṫug Críost grá don Eaglais, agus gur ṫoirḃir sé é féin ar a son; ċun go naoṁaiḋ agus go nglanaḋ sé í le hionlaḋ uisce tríd an mḃriaṫar, ċun



go mḃronnaḋ sé air féin í ina hEaglais ġlórṁar, gan smál gan roc, ná aon ní den saġas; aċ ċun go mbeaḋ sí naofa, gan aineaṁ. Is ar an gcuma sin ba ċóir do na fir grá a ṫaḃairt dá mná mar a ṫaḃarfaidís grá dá gcolainn féin. An té a ṫugann grá dá ḃean, tugann sé grá dó féin: Arae ní raiḃ fuaṫ ag duine riaṁ dá ċolainn féin; aċ tugann sé beaṫa agus cuṁdaċ di, de réir mar a ṫugann an Tiarna don Eaglais, mar is baill sinn dá Ċorp, dá ḟeoil, agus dá ċnáṁa. Ar an áḃar sin, is cóir d'ḟear a aṫair agus a ṁaṫair a ṫréigean, agus dlúṫú lena ḃean; agus beid beirt ina n-aon ċolainn aṁáin. Is mór an rúndiaṁair í sin: aċ laḃraim faoi Ċríost agus an Eaglais. Ar a ṡon sin féin, tugaḋ gaċ duine agaiḃ fá seaċ grá dá ḃean mar a ṫaḃarfaḋ dó féin; agus féaċaḋ an ḃean ċuige go dtugann sí urraim dá fear.

## An Soiscéal. Nm. Mata. 19. 4.

Dúirt Íosa, An é nár léiġ siḃ, an té a ċruṫaiġ na daoine ó ṫús, gur ċruṫaiġ sé fireann agus baineann iad, agus go ndúirt sé, Ar an áḃar sin, fágfaiḋ fear a aṫair agus a ṁaṫair, agus cloifiḋ sé lena ḃean; agus beiḋ an ḃeirt ina n-aon ċolainn aṁáin? Uime sin, ní dá ċolainn iad feasta, aċ aon ċolainn aṁáin. Dá ḃrí sin, an ní a ċeangail Dia, ná scaoileaḋ duine é.

# Buíoċas na mBan tar éis a Luí Seoil,

### ar a nglaotar de ġnáṫ

## COISREACAN NA mBAN.

¶ Sa ġnáṫ-am tar éis a leanḃ a teaċt ar an saol, tiocfaiḋ an ḃean isteaċ sa Teampall agus í gléasta go cuí, agus raċaiḋ sí ar a glúna san áit agus san am a ċleaċtaítear de ġnáṫ, nó de réir mar a ṫugann an tOrdaiteoir treoir. Agus ansin déarfaiḋ an Sagart léi,

Ó ba é toil Dé Uileċumaċtaiġ é, trína ṁaiteas, breiṫ do linḃ a ḋeonú duit go slán, agus tú a ṡaoraḋ i mórḃaol an Luí Seoil; is cóir duit dá ḃrí sin buíoċas ó ċroí a ṫaḃairt do Ḋia, agus a rá,

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart an Salm seo:

Dilexi, quoniam. Salm 116.

Tá m'intinn lánsásta: gur éist an Tiarna le glór mo ġuí;

Go dtug sé cluas dom: dá ḃrí sin beiḋ mé ag glaoċ air fad agus a ṁairim.

Ḃí dola an éaga do mo ṫimpeallú: ḃí pianta ifrinn ag fáil greama orm.

Ḃí mé faoi ṫuirse agus faoi ṫroime ċroí, agus ġlaoiġ mé ar Ainm an Tiarna: A Ṫiarna, impím ort go ḃfuascla tú m'anam.

Is fial fíréanta an Tiarna: is ag ár nDia atá an trócaire.

Cuṁdaíonn an Tiarna na daoine simplí: is é a ċuidiġ liom, agus mé i mbuaireaṁ.

Bíoḋ suaiṁneas ort arís, a ṁ'anam: ó ṫug an Tiarna luaíoċt duit.





Agus cad ċuige? D'ḟuascail tú m'anam ó ḃás: mo ṡúile ó ḋeora, agus mo ċosa ó ṫitim.

Siúlfaiḋ mé i láṫair an Tiarna: ar ṫalaṁ na mbeo.

Ċreid mé, agus labróiḋ mé dá ḃrí sin; aċ ba ṁór é mo ḃuaireaṁ: ṫug mé deifir orm á rá, Is bréagaċ iad na daoine go léir.

Conas a ċúiteoiḋ mé leis an Tiarna é: ar son a ndearna sé de ṁaiṫ orm?

Glacfaiḋ mé corn an tslánaiṫe: agus glaofaiḋ mé ar Ainm an Tiarna.

Coṁlíonfaiḋ mé mo ṁóideanna faoi ṡúile a ṗobail go léir: i gcúirteanna tí an Tiarna, agus i do ċeartlár, a ċaṫair Iarúsalem.

Molaigí an Tiarna.

Glóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

nó an Salm seo:

Nisi Dominus. Salm 127.

Mura dtógann an Tiarna an teaċ: téann obair na saor amú.

Mura gcuṁdaíonn an Tiarna an ċaṫair: is in aisce a ḟanas an coimeádaí ina ḋúiseaċt.

Níl siḃ aċ ag cur ḃur n-oibre amú dá luaṫas a éiríonn siḃ agus dá ṁoille a ṫéann siḃ a luí, ag iṫe aráin na himní: ós aṁlaiḋ ṫugann sé an codlaḋ don dream is ansa leis.

Na leanaí agus toraḋ na broinne: oidreaċt agus tíolacaḋ iad a ṫagann ón Tiarna.

Mar ṡaiġeada i láiṁ ḟataiġ: is mar sin a ḃíos na leanaí óga.

Is aoiḃinn a ḃfuil a ṁála lán díoḃ: ní ḃfaiġiḋ siad náire nuair a ṫéann siad ċun cainte lena naiṁde sa ġeata.

Glóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

¶ Ansin déarfaiḋ an sagart,

Guímis.

A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

**A Ċríost, déan trócaire orainn.**

A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

Ár nAṫair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do toil ar talaṁ, mar a déantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil tabair dúinn inniu. Agus mait dúinn ár gcionta, mar a maiṫimidne dá gciontaíonn inár n-aġaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; aċ saor sinn ón olc: Óir is leatsa an ríoċt, an ċumaċt, agus an ġlóir, trí ṡaol na saol. Áiméan.

**Ministir.** A Ṫiarna, saor an ḃean seo do ṡeirḃíseaċ [na mná seo do ṡeirḃísiġ];

**Freagra.** A ċuireas a hiontaoiḃ [n-iontaoiḃ] ionat.

**Ministir.** Go mba túr nirt di [dóiḃ] tú;

**Freagra.** In éadan a naṁad.

**Ministir.** A Ṫiarna, éist lenár nguí;

**Freagra.** Agus lig dár n-éaṁ roċtain ċugat.



**Ministir.** Guímis.

A Ḋia Uilecuṁaċtaiġ, tugaimid buíoċas go humal duit gurḃ áil leat an ḃean seo do ṡeirḃíseaċ [na mná seo do ṡeirḃísiġ] a taḃairt slán ó ṁórpian agus ó ḃaol luí ṡeoil; Deonaiġ, guímid tú, a Aṫair ṡárṫrócairiġ, go maire sí [siad] go dílis, trí do ċúnaṁ, agus go siúla sí [siad] de réir do tola, sa saol seo i láṫair; agus fós go mbí sí [siad] rannpáirteaċ i nglóir ṡuṫain an tsaoil atá le teaċt; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Ansin déarfaiḋ an Ministir,

Go mbeannaí an Tiarna tú [siḃ], agus go gcoimeáda sé tú [siḃ]; go liġe an Tiarna do ṡolas a aġaiḋe lonraḋ anuas ort [oraiḃ], agus bíoḋ sé ceansa leat [liḃ]: go n-ardaí an Tiarna a ġnúis ort [oraiḃ], agus go dtuga sé síoċáin duit [daoiḃ], anois agus go deo. Áiméan.

¶ Is cóir don ḃean, a tagann lena buíoċas a taḃairt, na gnáṫ-Ofrála a ṫíolacaḋ; agus, má ḃíonn Comaoineaċ ann, is cuí go nglaca sí an Comaoineaċ Naofa.

# ORD CUAIRTÍOĊTA NA nOṪAR.

¶ Níor ċóir go mbacfaḋ rud ar biṫ san Oifig orḋaiṫe seo an Ministir nó an Cúráideaċ ó na hoṫair a ḟollaṁnú agus fortaċt a ṫaḃairt dóiḃ, de réir mar is dóiġ leis a oireas agus is cuí, trí ṁúineaḋ agus trí urnaí; aċ más mian leis an oṫar é, bainfiḋ sé feiḋm as an Oifig seo, nó as cuid di.

I.

¶ Nuair a ḃíonn duine ar biṫ breoiṫe, ba ċóir fógra ina ṫaoḃ a ṫaḃairt do Ṁinistir an Ṗaróiste; agus eisean, agus é ag teaċt isteaċ i dteaċ an oṫair, déarfaiḋ sé,

Síoċáin don teaċ seo, agus dá ḃfuil ina gcónaí ann.

¶ Nuair a ṫagann sé i láṫair an oṫair déarfaiḋ sé, agus é ar a ġlúna,

Guímis.

A Ṫiarna, déan trócaire orainn.
**A Ċríost, déan trócaire orainn.**
A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

Ár nAṫair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do toil ar talaṁ, mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil taḃair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, mar a ṁaiṫimid dá gciontaíonn inár n-aġaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; aċ saor sinn ón olc. Áiméan.

**Ministir.** A Ṫiarna, saor do ṡeirḃíseaċ;
**Freagra.** A ċuireas a iontaoiḃ [hiontaoiḃ] ionat.
**Ministir.** Cuir cúnaṁ ċuige [ċuici] ód ionad naofa;
**Freagra.** Agus cosain go tréan go deo é [í].
**Ministir.** A Ṫiarna, éist lenár nguíonna;
**Freagra.** Agus lig dár n-éaṁ roċtain ċugat.





Ministir.

A Ṫiarna, breaṫnaiġ uait anuas ó neaṁ, féaċ ar an seirḃíseaċ seo agat, tar á fiosrú (fiosrú), agus taḃair faoiseaṁ dó [di]. Aṁarc air [uirṫi] le súile do ṫrócaire; taḃair fortaċt dó [di] agus lánmuinín asatsa; cosain ó ionsaí an naṁad é [í], agus coinniġ go slán suaiṁneaċ go deo é [í]; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Éist linn, a Ḋia Uileċuṁaċtaiġ, ṡárṫrócairiġ; lig don ṁaiṫeas is béas leat roċtain don seirḃíseaċ seo agat atá ag fulaingt breoiṫeaċta. Áiméan.

Naoṁaiġ dó [di] an ċruáil seo, ar ṁoḋ go neartaíṫear a ċreideaṁ [creideaṁ] trína laige a ṫuiscint, agus go mba ḋéine de a aiṫreaċas [haiṫreaċas]. Áiméan.

Más é do ḋea-ṫoil é, taḃair ar ais dó [di] an tsláinte a ḃíoḋ aige [aici]; ar ṁoḋ go gcaiṫe sé [sí] an ċuid eile dá ṡaol [saol] id uaṁan agus ċun do ġlóire. Áiméan.

Agus pé rud a ordóir dó [di], taḃair grásta dó [di] go gcuire sé a toil [sí a toil] le do toilse, ar ṁoḋ go ndéantar fiúntaċ é [í] ċun cónaiṫe leat sa ḃeaṫa síoraí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

II.

## SPREAGAḊ ĊUN CREIDIṀ AGUS ĊUN URNAÍ.

¶ Spreagfaiḋ an Ministir an t-oṫar faoi ábair dá leiṫéid seo síos:

Trína grá don ċine daonna, baineann ár nAṫair neaṁaí feiḋm as breoiṫeaċt mar ċaoi ċeansa lena leanaí a ċeartú.

Ár dTiarna Íosa Críost, a ḃíos in éineaċt linn i gcónaí, bíonn sé ullaṁ le neart spioradálta a ḃronnaḋ orainn le leas a ḃaint as ár mbreoiteaċt ċun glóire Dé.

Ba é ár dTiarna a foilsiḋ sa Soiscéal ina ící ar ġalair, agus tá sé ullaṁ fós le cabair a ḋáil ċun leiġis na colainne.

Foirbíoḋ ár dTiarna féin trí ṗianṗáis, bíoḋ go raiḃ sé féin gan ṗeaca; agus tá gá ag an duine peacúil le smaċt, lena bfuil loċtaċ ann os coṁair súl ár nAṫar neaṁaí a ċeartú agus a leasú.

Is é cuspóir an Ċríostaí, bíoḋ sé i sláinte nó in easláinte, Dia a ġlóiriú ann trí Íosa Críost.

Bíonn gradam mór sa ṗianṗáis, má ḟulaingítear ár bpian le meon Íosa Críost; mar is trí ṗian a ḟulaingt a d'ḟoilsiġ Dia a toil ċun an doṁan a ṡaoraḋ.

Pé easlán nó slán dúinn, caitfimid de ṡíor tréifideaċt an Spioraid Naoiṁ, Spiorad Ċríost, a iarraiḋ.

¶ Nó más gá é, míneoiḋ sé cuid éigin den Ċreideaṁ Críostaí dó [di].

¶ Ina ḋiaiḋ sin, de réir mar oireas, múinfiḋ an Ministir don oṫar a riail urnaí a leagan amaċ, pé acu air féin nó ar ḋaoine eile a ġuíos sé, go mbí laeṫanta a ḃreoiteaċta ina dtréimse ḋílis ġráṁar ṫeagṁála le Dia.

III.

## SPREAGAḊ ĊUN AIṪREAĊAIS

¶ Ceisteoiḋ an Ministir an t-oṫar féaċaint an aiṫreaċ leis a ṗeacaí, agus an bfuil meon carṫanaċta aige i dtreo an uile ḋuine; á spreagaḋ ċun maiṫiúnas ó ċroí a ṫabairt do gaċ aon



duine a ċiontaiġ ina aġaiḋ; agus, má ċiontaiġ seisean in aġaiḋ duine eile, maiṫiúnas a iarraiḋ air, agus má rinne sé doċar nó éagóir ar ḋuine ar biṫ, cúiteaṁ a ṫabairt le hiomlán a acṁainne; á ḋearḃú dó go bfuil Dia ullaṁ ċun maiṫiṁ, más aiṫreaċ dósan ina ṗeacaí. Anseo, má tá buairt ar ċoinsias an oṫair faoi ġnó táḃaċtaċ ar biṫ, bogtar é ċun a ċrá a noċtaḋ. Ina ḋiaiḋ sin déarfaiḋ sé in éineaċt leis an Ministir,

Bí trócaireaċ dom, a Ḋia, de réir do ṁór-ṁaiṫeasa: de réir méid do ṫrócaire scrios amaċ mo ċionta.

Niġ mé ar fad óm urċóid: agus glan mo ṗeaca díom.

Óir aḋmaim mo loċta: agus bíonn mo ṗeaca de ṡíor os mo ċoinne.

Sciúrfaiḋ tú le hiosóp mé, agus is glan a ḃeas mé: nífiḋ tú mé, agus beiḋ mé níos gile ná an sneaċta.

Tiontaiġ do ġnúis ó mo ṗeacaí: agus scrios amaċ mo ṁíġníoṁarta uile.

Tabair do ċabair arís mar ṡólás dom: agus neartaiġ le do Spiorad saor mé.

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart,

Dia Uileċuṁaċtaċ, ár nAṫair neaṁaí, a ġeall de ḃarr a ṁórtrócaire, go dtaḃarfaḋ sé maiṫiúnas na bpeacaí don uile ḋuine a iompaíos ċuige le haiṫreaċas ċroíúil agus le fíormuinín; go ndéana sé trócaire ortsa; go maiṫe sé duit do ṗeacaí uile agus go bfuascla sé uaṫu ṫú; go ndaingne agus go neartaí gaċ suáilce ionat; agus go dtuga slán tú ċun na beaṫa síoraí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

IV.

## GNÍOṀ URNAÍ AGUS BEANNAĊTA.

¶ Déarfaiḋ an Ministir,

A ṠLÁNAIṪEOIR an domain, a d'fuascail sinn trí do Ċrois agus trí d'Ḟuil ṁórluaiġ, Saor sinn, agus caḃraiġ linn, guímid go huṁal tú, a Ṫiarna.

Agus an Salm seo:

Levavi oculos. Salm 121.

ARDÓIḊ mé mo ṡúile ċun na gcnoc: cé as a dtagann mo ċabair?

Is ón Tiarna féin a tagann mo ċabair: ón té a rinne neaṁ a's talaṁ.

Ní ligfiḋ sé do do ċois corraí: ní ċodlóiḋ an té a ḃíos do do ċuṁdaċ.

Féaċ, an té a ḃíos ag cuṁdaċ Iosrael: ní ḋéanfaiḋ sé codlaḋ ná suan.

Is é an Tiarna féin é fear do ċoiṁirce: is é an Tiarna cosaint do láiṁe deise.

Ionas naċ mbeiḋ an ġrian do do loscaḋ sa lá: ná an ġealaċ san oiċe.

Beiḋ an Tiarna do do ṡaoraḋ ó gaċ olc: is deiṁin go mbeiḋ sé féin ag cosaint d'anama.

Beiḋ an Tiarna do do ṡlánú ag imeaċt nó ag teaċt duit: feasta agus go bráċ.

Glóir don Aṫair, agus don Mhac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

Nó ceann de na Sailm seo leanas:

23, 27, 43, 71 (vv. 1–17), 77, 86, 91, 103, 130, 139 (vv. 1–18, 23, 24), 142, 143 (vv. 1–11), 146;



Agus é seo a ċur leis:

A ṠLÁNAIṪEOIR an domain, a d'fuascail sinn trí do Ċrois agus trí d'Ḟuil ṁórluaiġ, Saor sinn agus caḃraiġ linn, guímid go huṁal tú, a Ṫiarna.

GO raiḃ an Tiarna Uileċuṁaċtaċ do do ċosaint anois agus go deo, eisean atá ina ṫúr nirt dá dtéann ar a iontaoiḃ, eisean a n-uṁlaíonn agus a ngéilleann a ḃfuil ar neaṁ, ar talaṁ, agus faoin talaṁ dó; agus go dtuga sé le fios agus le moṫú duit, naċ ḃfuil ainm ar biṫ eile faoi neaṁ, a tugaḋ don ċine daonna, a ḃfaiġirse slánú agus saoraḋ ann agus tríd, aċ Ainm ár dTiarna Íosa Críost aṁáin. Áiméan.

¶ Sula ḃfága sé slán ag an otar déarfaiḋ an Ministir,

CUIRIMID i gcoiṁeád trócaire agus coiṁirce ceansa Dé tú. Go mbeannaí an Tiarna tú, agus go gcoiṁeáda sé tú; go lige an Tiarna do ṡolas a aġaiḋe lonraḋ anuas ort, agus bíoḋ sé ceansa leat; go n-ardaí an Tiarna a ġnúis ort, agus go dtuga sé síoċáin duit, anois agus go deo. Áiméan.

## URNAIṪE FAOI LEIṪ LENA RÁ MAR OIREAS.

Liodán le haġaiḋ na n-otar agus na ndaoine atá ag fáil báis.

A DIA an tAṫair,
Déan trócaire orainn.

A Dia an Mac,
Déan trócaire orainn.

A Ḋia an Spiorad Naoṁ,
Déan trócaire orainn.

Ná cuimniġ, a Ṫiarna, ar ár gcionta.
Déan anacal orainn, a Ḋea-Ṫiarna.

Ón uile olc agus ón uile ṗeaca,
a Ḋea-Ṫiarna, saor é [í].

Ó ionsaiṫe an diaḃail,
a Ḋea-Ṫiarna, saor é [í].

In uair an ḃáis,
a Ḋea-Ṫiarna, saor é [í].

I lá an ḃreiṫiúnais,
a Ḋea-Ṫiarna, saor é [í].

Trí ġlanrún d'ionċollaiṫe naofa,
Saor é [í], a Ṫiarna.

Trí do Ċrois agus trí do Ṗáis,
Saor é [í], a Ṫiarna.

Trí d'Aiséirí agus trí do Ḃua faoi deireaḋ,
Saor é [í], a Ṫiarna.

Gurb áil leat faoiseaṁ ó ṗian a ḋeonú dó [di];
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.

Gurb áil leat foiġne a ṫabairt dó [di] ina ċéasaḋ [céasaḋ];
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.

Gurb áil leat tuiscint a ṫabairt dó [di] gur i do láṫairse a ḃíonn sé [sí];
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.

[Gurb áil leat pé sláinte is cuí de réir do ṫola a ṫabairt dó [di];
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.]



Gurb áil leat é [í] a ġlanaḋ óna ṗeaca [peaca];
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.

[Gurb áil leat é [í] a ġlacaḋ ċugat féin;
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.

Gurb áil leat suíoṁ a ṫabairt dó [di] in áit an tsolais agus na síoċána;
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.

Gurb áil leat é [í] a áireaṁ i measc do naoṁ agus do ḋaoine tofa;
Aċaimímid ort éisteaċt linn, a Ḋea-Ṫiarna.]

A Uain Dé, a ḃeir leat peacaí an doṁain;
Aċaimímid ort éisteaċt linn.

A Uain Dé, a ḃeir leat peacaí an doṁain;
Deonaiġ dó [di] do síoċáin.

URNAÍ DON DUINE A ḂFUIL A ĊOINSIAS BUARTA.

Iarraimis trócaire agus treoir Dé.

Má ḋaorann ár gcroí sinn, is airde Dia ná ár gcroí, agus is eol dó gaċ uile ní.

A ṪIARNA Ḃeannaiṫe, a Aṫair na dtrócairí, agus a Ḋia an uile ḟortaċta, iarraimid d'impí ort breaṫnú anuas le trua ar do ṡeirbíseaċ, a ḃfuil a anam [hanam] lán buarta; deonaiġ dó [di] fíortuiscint den rioċt ina ḃfuil sé [sí], agus de do ṫoil ina ṫreo [treo], ionas naċ gcaiṫe sé uaiḋ [sí uaiṫi] a iontaoiḃ [hiontaoiḃ] asat, nó a ċur in aon áit eile aċ ionat; fuascail ó eagla an oilc é [í], ardaiġ do ġnúis air [uirṫi] agus tabair do síoċáin dó [di]; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Ag iarraiḋ síoċána aigne.

## Iarraimis síoċáin Dé.

Coimeádfaiḋ tú faoi lánsíoċáin an té a ḃfuil a aigne dílis duit.

A AṪAIR neaṁaí, arb eol duit imní agus eagla do leanaí trí do ġrá agus trí d'eagna; a ndúirt do Ṁac Íosa Críost lena ḋeisceabail, Is mise atá ann, ná bíoḋ eagla oraiḃ, agus leis an anfa, Síoċáin, bí ciúin; Deonaiġ go neartaítear an té seo do ṡeirḃíseaċ ionas go lige sé a ċúram [sí a cúram] ar fad ortsa, mar is cúram leat é [í]. Taḃair ciúnas dó [di]; taḃair muinín ċinnte dó [di]; agus go dtreoraí gealaḋ gréine anuas a ċosa [cosa] i gconair na síoċána; trídsean, Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Ar son duine atá le dul faoi obráid.

## Iarraimis misneaċ agus muinín.

Nuair a ġabas tú trí na huiscí, beadsa in éineaċt leat.

A AṪAIR na trua agus na trócaire, naċ ligeann i ḃfaillí caḃair agus fortaċt a ṫaḃairt dá ngláonn ort ag iarraiḋ cúnaiṁ; Taḃair neart agus misneaċ don ṁac [iníon] seo agat in uair a ġátair [gátair]. Bí i do ṫaca dó [di] agus beiḋ sé [sí] slán; cuir ina ċumas [cumas] a ṁoṫú go ḃfuilir cóngaraċ dó [di], agus a ṫuiscint go ḃfuil na láṁa síoraí faoi [fúiṫi]; deonaiġ naċ mbí eagla air [uirṫi] roiṁ olc ar biṫ agus é [í] ag braiṫ ar do ċoimirce, tusa atá ina ḟoċair [foċair], agus a ṫaḃarfas sólás dó [di]; trí Íosa Críost ár Slánaiṫeoir. Áiméan.



Ar son duine in easpa codlata.

## Iarraimis an codlaḋ riaċtanaċ.

Luífiḋ mé síos i síoċáin, agus cuirfead mo ṫuirse díom; óir is tusa aṁáin, a Ṫiarna, a ċuṁdaíos mo ḃeaṫa ó ḃaol.

A AṪAIR neaṁaí, a ṫugann codlaḋ do do leanaí, lena n-anam agus a gcolainn a aṫnuaċaint; Deonaiġ an taḃartas sin do do ṡeirḃíseaċ; coinniġ é [í] sa tsíoċáin ḟoirfe úd a ġeall tú do na daoine a ḃfuil seasaṁ a n-intinne ort; cuir tuiscint do láiṫreaċta ina ċroí [croí], ionas go ngairdí sé [sí] i ndeiṁniú beannaiṫe do ġrá le linn tréiṁse an tosta; trí Íosa Críost ár Slánaiṫeoir. Áiméan.

Saor sinn, a Ṫiarna, agus sinne inár ndúiseaċt, agus fóir orainn agus sinne inár suan, ar ṁoḋ go mbímid inár ndúiseaċt i ḃfoċair Ċríost, agus go ligimid ár sciṫ i síoċáin.

Urnaí ar son linḃ ḃreoite.

Ġlac sé ċuige ina uċt iad, agus ḃeannaiġ sé iad agus é ag cur a láṁ orṫu.

A ṪIARNA Íosa Críost, a Aoire ṁaiṫ na gcaoraċ, a ḃailíonn na huain le do láṁa, agus a iompraíonn id uċt iad; Cuirimid an leanḃ seo i gcoimeád do láṁ gráṁar; taḃair faoiseaṁ óna ṗian dó [pian di]; taḃair coimirce ó gaċ baol dó [di]; taḃair dó [di] aṫuair lúċáir agus neart; agus tóg suas é [í] ċun beaṫa na seirḃíse duitse. Éist linn,

impímid ṫú, ar son do Ḋil-Ainme féin. Áiméan.

Ar son linḃ atá ag fáil ḃáis.

Cruinneoiḋ sé na huain lena láiṁ, agus iompróiḋ sé ina uċt iad.

A ṪIARNA Íosa Críost, Aonṁac ginte Dé, a ċuaiġ i rioċt linḃ i mBetlehem ar ár son; Cuirimid i gcoimeád d'aire gráṁaire an leanḃ seo atá á ġlaoċ [glaoċ] ċugat agat. Cuir d'aingeal naofa lena ṫreorú [treorú] go séiṁ go dtí na háraís neaṁaí úd, ina mbíonn síoċáin ḃuan agus lúċáir ag anamaċa na ndaoine ar a dtiteann a gcodlaḋ ionatsa: agus cuir láṁa síoraí do ġrá naċ dteipeann ṫart timpeall air [uirṫi]; tusa a ṁaireas i riocṫ leis an Aṫair agus leis an Spiorad Naoṁ, Aon-Dia, trí ṡaol na saol. Áiméan.

Ar son duine atá ag teaċt aniar ó ḃreoiteaċt.

Tugaimis buíoċas do Ḋia faoina ṫrócairí. Mol an Tiarna, a ṁ'anam, agus ná déan dearmad dá ṫíolaicí uile.

A ṪIARNA, naċ dteipeann ar do ṫrua, agus go n-aṫnuatar do ṫrócaire in aġaiḋ na maidine; Tugaimid buíoċas croíúil duit gurḃ áil leat faoiseaṁ ó ṗian a ṫaḃairt don ḃráṫair [tsiúr] seo againn agus ina ṫeannta sin dóċas na sláinte aṫuair: Coṫaiġ ann [inti], guímid tú, an obair ċeansa ar ar ċuiris tús; ionas go smaoine agus go ndéana sé [sí] na niṫe a ṫaitníos leatsa an ċuid eile dá ṡaol [saol], agus é [í] ag méadú in aġaiḋ an lae i neart



corporṫa, agus ag déanaṁ gairdis go huṁal i do ṁaiṫeas; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Urnaí ar son duine ḃreoite, nuair naċ ḃfuil mórán dóċais lena ṫeaċt slán.

An rud a ḋéanaimse ní heol duit anois é; aċ beiḋ a ḟios agat san am atá le teaċt.

A ḊIA, ár ndídean agus ár neart, is giorra dúinn do ċaḃair inár mbuaireaṁ; Ḃí in aice don seirḃíseaċ seo agat agus a ṁéid agus atá a riaċtanas; méadaiġ ann [inti] creideaṁ daingean i do ċuṁaċt, agus muinín áṫasaċ as do ġrá. Más toil leat é, tíolaic sláinte air [uirṫi] aṫuair; aċ más é is fearr i do raḋarcsa é [í] a ġlaoċ anonn, maolaiġ gaċ pian ċorporṫa agus gaċ crá aigne, agus deonaiġ go dté sé [sí] isteaċ i lúċáir do láiṫreaċta; trí luaíoċt agus idirġuí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Urnaí ag coṁóraḋ oṫair atá ar tí bás a ḟáil.

Ná bíoḋ buairt ċroí ort.
Is iomaí áras i dteaġlaċ m'Aṫar.
Siúd agus go siúlfainn trí ġleann scáile an ḃáis, ní baol dom an t-olc.
Fágaim síoċáin agaiḃ; tugaim mo ṡíoċáin daoiḃ.
Ná bíoḋ buairt ar do ċroí, ná eagla air.
Tugaim m'anam i leiṫ do láṁsa.

I DO LEIṪSE, a Ṫiarna, tugaimid anam do ṡeirḃísiġ, ar ṁoḋ go mbí sé [sí] beo duitse agus é [í] ag fáil ḃáis don saol seo; agus pé peacaí a rinne sé [sí] trí laige ár gcolainne

daonna, guímid ṫú iad a ċur ar neaṁní trí do ṁaiṫiúnas is gráṁaire agus is trócairí; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

A ḊIA Uileċuṁaċtaiġ, go maireann beo farat spridí na ndaoine ṡéalaíos sa Tiarna; Tugaimid go huṁal anam an tseirḃísiġ seo agat, ár ndílḃráṫair [ár ndílṡiúraċ], i leiṫ do láṁsa, mar a ḃeaḋ i leiṫ láṁ Cruṫaiṫeora dílis, agus Slánaiṫeora sár-ṫrócairiġ; do do ġuí go fíoruṁal, go mba luaċṁar i do radarc é. Niġ é, guímid ṫú, i bfuil an Uain gan smál úd, a maraíoḋ le peacaí an doṁain a ċur ar ceal; ionas go dtíolaictear glan gan aineaṁ os do ċoṁair é, in ainneoin ar ċnuasaiġ sé de ṫruailliú sa saol daonna seo, trí ainṁianta na colainne, nó trí ċluain Ṡátain; guímid sin trí luaíoċt Íosa Críost, d'Aonṁac ár dTiarna. Áiméan.

Ar son Doċtúirí, Máinleá, agus Banaltraí.

Guímis ar son oibre na nDoċtúirí, na Máinleá, agus na mBanaltraí. Ġlac sé féin ċuige ár n-anbainní, agus d'iompair sé ár mbreoiteaċta.

A ṪIARNA Íosa Críost, a ġluaiseaḋ ó áit go háit ag déanaṁ maiṫeasa agus ag leiġeas gaċ uile ṡaġas breoiteaċta; Tabair cuṁaċt, eagna, agus mineadas do do ṡeirḃísiġ friotála uile, ár ndoċtúirí, ár máinleá, agus ár mbanaltraí; ar ṁoḋ, agus do láiṫreaċt á hiompar acu leo i gcónaí, naċ leiġeas aṁáin a ṫabarfaiḋ siad aċ beannaċt freisin, agus iad ar nós lóċrainn dóċais sna huaireanta is



doirċe den angar agus den eagla; Tusa a ṁaireas i ríoċt mar aon leis an Aṫair agus leis an Spiorad Naoṁ, Aon-Dia go deo, trí ṡaol na saol. Áiméan.

NÓTAÍ.

Oireann na hUrnaiṫe seo leanas lena rá leis an oṫar: Na hOrṫaí i gComaoineaċ na nOṫar, agus na hOrṫaí atá ceapṫa don ċéad, don dara, agus don ċeaṫrú Domnaċ in Aidbint, don treas, don ċeaṫrú, agus don séú Doṁnaċ tar éis Taispeánta, do Ċéadaoin na Luaiṫe, don dara Doṁnaċ den Ċarġas, don Ċéad Doṁnaċ roiṁ Ċáisc, don ċeaṫrú Doṁnaċ tar éis Cásca, do Lá Deascabála, don Doṁnaċ tar éis Deascabála, do Ḋoṁnaċ na Tríonóide, do na Doṁnaiġ seo: an ceaṫrú, séú, seaċtú, dóú déag, cúigiú déag, oċtú déag, agus aonú is fiċe tar éis na Tríonóide, do Ḟéile Aṫraiṫe Cruṫa ár dTiarna, do Ḟéile Nṁ. Ṁícíl agus na nAingeal Uile, do Ḟéile Lúcáis Soiscéalaí, agus do Ḟéile na nUile Naoṁ.

Oireann na hÁbair agus na dréaċta seo den Scrioptúr naofa d'aire an oṫair, de réir a ġá:

Na Beannaċta: Maṫa 5. 1–12.

Caint ár dTiarna roiṁ a Ṗáis: Eoin 14. 1–27; 15. 1–13; 16. 12–15.

Ár dTiarna á Ṫiomnú féin agus a Urnaí ar son a ḋeisceabal: Eoin 17.

An tAoire Maiṫ: Eoin 10. 11–18.

Críost Éiriṫe: Eoin 20.

Aireaċas Dé: Sm. 34; Maṫa 6. 25–deireaḋ.

Grá Dé: Eoin 3. 16–21; 1 Eoin 3. 1–7; 4. 9–deireaḋ.

An Ḟuascailt: Ísái. 53; Róṁ. 5. 1–11; 1 Eoin 1. 1–9.

Teagṁáil Dé trí Ḃuaireaṁ: Mairg. 3. 22–33; Eaḃ. 12. 1–11.

Muinín as Dia: Sm. 23, 27, 91, 121; Ísái. 26. 1–9; 40. 1–8; 40. 27–deireaḋ; Róṁ. 8. 31–deireaḋ.

Urnaí: SS. 43; 86. 1–13; 130; Eif. 3. 13–deireaḋ; Séamas 5. 13–deireaḋ.

Dia ag Glaoċ ċun Aiṫreaċais agus ċun Creidiṁ: Ísái. 55.

Aiṫreaċas: Sm. 51. 1–17.

Molaḋ agus Breiṫ Ḃuíoċais: Sm. 30, 103, 146; Ísái. 12.

Faire: Lúcás 12. 32–40.

Caṫéide an Ċríostaí: Eif. 6. 10–20.

Grá an Ċríostaí: 1 Coir. 13.

Fás sa Ġrásta: Pil. 3. 10–14.

Na Niṫe Síoraí: 2 Coir. 4. 16–5. 9; Róṁ. 8. 18–deireaḋ; Taisp. 7. 9–deireaḋ; 21. 3–7; 22. 1–5.

¶ Mura bfuil réiteaċ déanta ag an oṫar i dtaoḃ a ṁaoine, moltar dó Uaċt a ḋéanaṁ. Aċ is cóir a ċur i gcuiṁne do ḋaoine go minic a ngnó saolta a réiteaċ fad agus tá an tsláinte acu.

# COMAOINEAĊ NA nOṪAR.

¶ De ḃrí go mbíonn a lán baol tobann, galar, agus breoiteaċt, ag bagairt ar an gcine daonna, agus gur éiginnte i gcónaí am a n-imeaċta as an saol seo; mar ġeall air sin, ionas go mbíd i gcónaí ullaṁ don ḃás, pé am is toil le Dia Uileċuṁaċtaċ glaoċ orṫu, spreagfaiḋ na Cúráidiġ a bParóisteánaiġ go dúṫraċtaċ ó am go ċéile (aċ go mór mór le linn plá, nó galair ṫógálaiġ eile) ċun go nglaca siad Comaoineaċ Naofa Ċoirp agus Ḟola ár Slánaiṫeora Críost, nuair a ṁineastráltar go poiblí sa Teampall í; ar ṁoḋ gur lúide a gcúis imní faoi ḃeiṫ ina héagmais má ṫagann baol orṫu go tobann. Aċ mura féidir leis an oṫar teaċt go dtí an Teampall, agus gur mian leis fós an Ċomaoineaċ a ġlacaḋ ina ṫeaċ; ansin ba ċóir dó fógra a ṫabairt go tráṫuil don Ċúráideaċ, á ċur in iúl dó, an oiread agus is féidir leis, cé ṁéid daoine a ġlacfas an Ċomaoineaċ in éineaċt leis (agus, más féidir, ba ċóir go nglacfaḋ beirt ar a laġad) agus, nuair a ḃeas áit oiriúnaċ i dteaċ an oṫair, agus gaċ ní is riaċtanaċ, ullṁaiṫe i dtreo is gur féidir leis an gCúráideaċ a mineastráil go hurramaċ, ceiliúrfaiḋ sé an Ċomaoineaċ Naofa ansin, ag tosú leis an Orṫa, an Eipistil, agus an Soiscéal seo leanas, nó le hOrṫa, Eipistil agus Soiscéal an lae, mar is cuí leis.

## An Orṫa.

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ ṡíorṁarṫanaiġ, a Ċruṫaiṫeoir an ċine ḋaonna, a ċeartaíos na daoine a ġráíonn tú, agus a smaċtaíos gaċ aon duine lena nglacann tú; guímid tú faoi do ṫrócaire don seirḃíseaċ seo agat ar ar leagais do láṁ, agus faoina ḋeonú do [di] go nglaca sé [sí] go foiġneaċ lena ḃreoiteaċt [breoiteaċt] agus go dtaga sé [sí], aniar ċun a ṡláinte [sláinte] corporṫa, más é do toil ċeansa é, agus go dtíolaicfear a anam [hanam] gan smál duit nuair a imíonn sé ón gcolainn; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

nó i seo:

A Ḋia Uileċuṁaċtaiġ ṡíorṁarṫanaiġ, a ṡóláis na ndaoine brónaċa, a nirt na ndaoine faoi pianpáis: lig d'urnaiṫe a nglaonn





as cruatan ar biṫ teaċt ċugat; ar ṁoḋ go ngairdíḋ go léir agus iad á tuiscint go mbíonn do ṫrócaire ina ḃfoċair ina ngátair; trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

## An Eipistil. Róṁ. 8. 35.

Cé scarfas ó ġrá Ċríost sinn? an scarfaiḋ cruatan, nó angar, nó géarleanúint, nó gorta, nó noċtaċt, nó guais, nó claíoṁ? Mar atá scríofa, Ar do ṡon maraítear ar feaḋ an lae sinn; meastar mar ċaoiriġ lena marú sinn. Ní hamlaiḋ tá, sna niṫe sin go léir is mó ná luċt an ḃua sinn tríd an té a ṫug grá dúinn. Mar táim deiṁniteaċ, naċ féidir le bás, ná le beaṫa, ná le haingil, ná le huaċtaránaċta, ná le cuṁaċta, ná le niṫe atá de láṫair, ná le niṫe atá le teaċt, ná le hairde, ná le doiṁneaċt, ná le dúil ar biṫ eile, sinn a ḋeiġilt ó ġrá Dé, atá in Íosa Críost ár dTiarna.

nó i seo; Eab. 12. 5.

A ṀIC, ná bíoḋ neaṁṡuim agat i smaċt an Tiarna, agus ná fannaiġ nuair a loċtaíonn sé ṫú: mar smaċtaíonn an Tiarna an té a ġráíos sé, agus sciúirseann sé gaċ mac lena nglacann sé.

## An Soiscéal. Nṁ. Eoin 5. 24.

GO fírinneaċ adeirim lib, an té éisteas le mo ḃriaṫarsa, agus a ċreideas sa té a ċuir uaiḋ mé, atá an ḃeaṫa ṡíoraí aige, agus ní ṫiocfaiḋ sé faoi ḃreiṫiúnas; aċ tá sé aṫraiṫe ón mbás ċun na beaṫa.

¶ Ina ḋiaiḋ sin leanfaiḋ an Sagart de réir na Foirme atá ceapṫa ṫuas le haġaiḋ na Comaoineaċ Naofa, ag tosú leis na focail, "Deirim libse, a ḋéanas," srl.

¶ Má tá an t-oċar an-lag, agus más gá é, is leor le haġaiḋ na hOifige seo, an Ḟaoistin, an Absolóid, Paidir an Ċoisreacain, Foirm Ṫíolacṫa na Sacraiminte, Paidir an Tiarna agus an Ḃeannaċt.

¶ Le linn an tSacraimint a ṫíolacaḋ, glacfaiḋ an Sagart féin an Ċomaoineaċ ar dtús, agus ina ḋiaiḋ sin a mineastráil ċun na ndaoine atá ceapṫa lena glacaḋ in éineaċt leis an oċar, agus faoi ḋeireaḋ, ċun an oċair.

¶ Aċ má ṫarlaíonn do ḋuine gan Sacraimint Ċoirp agus Ḟola Ċríost a ḟáil, pé acu trí ḋéine a ḃreoiteaċta, nó nár tugaḋ rabaḋ in am don Ċúráideaċ, nó gan ċomluadar a ḃeiṫ ann lena glacaḋ in éineaċt leis, nó trí ḃac ar biṫ eile, léireoiḋ an Cúráideaċ dó, go n-iṫeann sé agus go n-ólann sé Corp agus Fuil ár Slánaiṫeora Críost, go tairḃeaċ do ṡláinte a anama, bíoḋ naċ nglacann sé an tSacraimint lena ḃéal, má ḋéanann sé aiṫreaċas dílis ina ṗeacaí, agus má ċreideann sé go daingean dlúṫ gur céasaḋ Críost ar an gCrois ar a ṡon, agus gur ḋoirt sé a Ḟuil lena ḟuascailt, agus é ag cuiṁneaṁ go dúṫraċtaċ ar na soċair a fuair sé tríd sin, agus ag breiṫ ḃuíoċais ó ċroí mar ġeall air.

¶ In am breoiteaċta tógálaí nó galair ṫógálaiġ, nó nuair, trí ċúis ṗráinneaċ éigin eile, naċ féidir aon duine den Ṗaróiste nó de na coṁarsana a ḟáil le comaoineaċaḋ in éineaċt leis an oċar, má iarrann an t-oċar go sonraċ air é, is ceadṁaċ don Ṁinistir comaoineaċaḋ leis ina aonar.

# ORD
# AḊLACṪA NA MARḂ.

¶ Tugaigí do ḃur n-aire anseo, naċ cóir feiḋm a ḃaint as an Oifig seo leanas ag aḋlacaḋ duine ḟaiġeas bás gan Ḃaiste, ná do ḋuine faoi ċoinnealḃá, ná do ḋuine gur tugaḋ breiṫ **felo de se** ina leiṫ. Aċ má ṫugtar daoine ar biṫ le haḋlacaḋ a fuair bás gan Ḃaiste, gur naíonáin nuaḃeirṫe iad, clann le tuismiṫeoirí Críostaí, agus nár coinníoḋ ó Ḃaiste iad trí ṁainneaċtain ḋeonaċ, nó trí ḟaillí, nó gur daoine iad gurb eol don Ṁinistir, nó gur dearḃaíoḋ dó, gurb ullaṁ nó gurḃ ḟonnṁar iad ċun a mbaiste in am a mbáis, léifiḋ an Ministir, i gcás den saġas sin, ceann de na Sailm agus de na Léaċta seo leanas, nó pé cuid díoḃ is oiriúnaí leis, agus na ceiṫre Ráite cois na hUaiġe, ag críoċnú le Paidir an Tiarna, agus leis an mbeannaċt ag deireaḋ na hOifige.

¶ Ar ṫeagṁáil dóiḃ leis an gCorp ag geata na Reilige, agus iad ag siúl roiṁe, pé acu isteaċ sa Teampall, nó i dtreo na hUaiġe, déarfaiḋ nó canfaiḋ an Sagart agus na Cléiriġ,

IS mise an aiséirí agus an ḃeaṫa, deir an Tiarna: an té ċreideas ionamsa, cé go ḃfaiġe sé bás, dá ainneoin sin beiḋ sé beo: agus cibé ar biṫ atá beo, agus ċreideas ionamsa, ní ḃfaiġiḋ sé bás go brách.
Nn. Eoin 11. 25, 26.

IS eol dom go maireann m'Ḟuascailteoir, agus go seasfaiḋ sé san am atá le teaċt ar an talaṁ: agus bíoḋ go gcrinnfiḋ piasta an ċolainn seo nuair a ċaitear mo ċraiceann, ó mo ċolainn, áfaċ, feicfeaḋ Dia: ar mo ṡon féin feicfeaḋ é, is iad mo ṡúilese ḋearcfas, agus ní haon duine eile. Iób 19. 25, 26, 27.

NÍ tugamar aon ní linn ċun an tsaoil seo, agus is cinnte naċ féidir linn aon ní a ḃreiṫ as. Is é an Tiarna a ṫug uaiḋ, agus is é an Tiarna a ġlac ċuige; go mba ḃeannaiṫe ainm an Tiarna. 1 Tim. 6. 7; Iób 1. 21

¶ Ar dteaċt isteaċ sa Teampall dóiḃ, léifear ceann amáin nó a ṫuilleaḋ de na Sailm seo:

Dixi custodiam.

Salm 39.

IS é a dúirt mé, beiḋ mé aireaċ faoi mo ṡlite: ionas naċ bpeacaí mé le mo ṫeanga.

Cuirfiḋ mé mar a ḃeaḋ srian le mo ḃéal: ċom fada agus a ḃíonn fear an oilc ar m'amarc.

Ċosc mé mo ṫeanga, gan aon ní a rá: d'ḟan mé i mo ṫost, ó na dea-ḃriaṫra féin, aċ ba é sin fáṫ mo ṗéine agus mo ḃróin.

Ṫéiġ an croí ionam, agus nuair a ḃí mé ar na smaointe seo d'ḟadaiġ an tine: agus laḃair mé faoi ḋeoiḋ le mo ṫeanga.

A Ṫiarna, taḃair fios feasa mo ċríċe déanaí dom, agus uiṁir mo laeṫanta: go mbí dearḃú agam cad é an fad saoil atá i ndán dom.

Féaċ, d'fág tú mar a ḃeaḋ fad réise i mo laeṫanta; agus níl im aois aċ neaṁní os do ċoṁair: agus i bfírinne níl aċ díoṁaointeas in aon duine dá maireann.

Óir siúlann an duine ina scáil folaṁ, agus is díoṁaoin a ḃíonn sé á ḃuaireaṁ féin: ag carnaḋ saiḃris, agus gan a fios aige cé ċruinneos é.

Agus anois, a Ṫiarna, cá ḃfuil mo ḋóċas: dar m'ḟírinne is ionat féin atá mo ḋóċas.

Fuascail mé ó mo ċionta uile: agus ná lig dom beiṫ im aċasán ag na hamadáin.

D'éiriġ mé balḃ, agus níor oscail mé mo ḃéal: óir ba ṫú a rinne é.



Tóg do ṗlá uaim: táim cloite ar fad ag trom-meáċain do láiṁe.

Nuair a smaċtaíonn tú an duine le haċasán ar son a ṗeaca, bíonn a ṁaise á cnoí agat, mar éadaċ á ite ag leaṁan: níl in aon duine mar sin aċ díoṁaointeas.

Éist le mo ġuí, a Ṫiarna, agus tugaḋ do ċluasa éisteaċt do mo ġlaoċ: ná fan i do ṫost faoi mo ḋeora.

Óir táim agat i mo ḋeoraí: agus i mo ḋíṫreaḃaċ, mar ḃí m'aiṫreaċa go léir.

Lig dom seal beag, go ḃfille mo ċumaċt orm: sula n-imí mé as seo, agus naċ mbí mé le feiceáil feasta.

Glóir don Aṫair, agus don Mac: agus don Spiorad Naoṁ.

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

Domine, refugium.

Salm 90.

A Ṫiarna, ba tú ár ndídean: ó ġlúin go ċéile.

Sular saolaíoḋ na sléiḃte, sular cruṫaíoḋ talaṁ an domain: is tú Dia ó ṡíoraíoċt, agus go saol na saol.

Cuireann tú ar neaṁní an duine: Filliġí arís, deir tú, a ċlann Áḋaiṁ;

Óir i do ṡúilese níl míle bliain aċ mar an lá inné: a d'imiġ ṫarainn mar ṫráṫ san oíċe.

Ní luaiṫe a scaipeann tú iad, ná bíonn siad mar ṡuan: agus feonn siad ċom tobann le féar.

ar maidin bíonn sé glas, agus fásann sé aníos: aċ tráṫnóna baintear é, agus éiríonn sé crion caite.

Óir bímid ag cnaí faoi do ḋíbeirg: agus is eagal linn fíoċ d'ḟeirge.

Ċuir tú ár mígníomarṫa os do ċoinne: agus ár bpeacaí folaiṫe faoi ṡolas do ġnúise.

Óir nuair a ḃíonn tú i bfearg linn, bíonn ár laeṫanta uile istiġ: tarraingímid ár ḋeireaḋ ár mblian, mar scéal a hinsíoḋ tríd.

Is iad laeṫanta ár saoil a deiċ agus trí ficid blian: agus bíoḋ go bfuil daoine ann a dtugann a láidreaċt iad ċun na gceiṫre ficid: ní fanann acu de ḃarr a láidreaċta aċ buaireaṁ agus brón; ar a luaṫas agus a ṫéann an saol ṫart, agus a ḃíonn ár ré caite.

Aċ cé a ṫugas aird ar ċumaċt d'ḟeirge nó cé a mbíonn a ḋíol eagla air roiṁ do ḋíbeirg?

Múin fios giorraċta ár saoil dúinn: ionas go dtugaimid ár gcroí don eagna.

Fill arís, faoi ḋeireaḋ, a Ṫiarna: agus bíoḋ trua agat do do ṡeirḃísiġ.

Nárḃ faḋa uainn ár sásaṁ de do ṫrócaire: go mbí áṫas agus lúċáir orainn ar feaḋ ár saoil agus ár laeṫanta.

Go mba móide dár sólás uait, a ḟaḋ agus biteá dár mbuaireaṁ: agus na blianta inar fulaing sinn an t-olc.

Taispeáin do ṡaoṫar do do ṡeirḃísiġ: agus taispeáin do ġlóir dá gclann.

Agus bíoḋ mórġlóir ónár dTiarna Dia orainn: cuir séan ar ṡaoṫar ár láṁ dúinn, agus go soirḃí tú saoṫar ár láṁ.



Glóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

Dominus regit me.
Salm 23.

IS É an Tiarna m'aoire: ní féidir easpa d'aon ní ḃeiṫ orm.

Beiḋ mé ar innilt aige i bpáirc féir glais: agus beiḋ sé do mo ṡeolaḋ ar ḃruaċ uisce an tsóláis.

Iompóiḋ sé m'anam: agus seolfaiḋ sé go cosáin na fíréantaċta mé, as uċt a Ainm.

Siúḋ is go siúlfainn trí ġleann scáile an ḃáis, ní baol dom an t-olc: óir bíonn tusa i mo ċoimdeaċt; is iad do ḃata agus do ḃacall mo ṡólás.

Feisteoiḋ tú bord romam ar neaṁċead luċt mo ḃuarṫa: doirt tú ola ar mo ċeann, agus beiḋ mo ċupán lán.

Aċ beiḋ do ċarṫanaċt agus do ṫrócaire do mo leanúint ar feaḋ mo ṡaoil agus mo leaṫanta: agus beiḋ mé i mo ċónaí i dteaċ an Tiarna go bráċ.

Glóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

Benedic, anima mea.
Salm 103.

MOL an Tiarna, a ṁ'anam: agus molaḋ a bfuil ionam a Ainm naofa.

Mol an Tiarna, a m'anam: agus ná déan dearmad dá ṫíolaicí uile;

An té a ṁaiṫeas do ṗeaca uile: agus a leiġeasas do ḃreoiṫeaċtaí uile;

An té a ṡlánaíos do ḃeaṫa ó scrios: agus a ċuireas barr trócaire agus carṫanaċta ort;

An té a ṡásaíos do ḃéal le hollṁaiṫeas: do do ḋéanaṁ bríoṁar óg mar an iolar.

Cuireann an Tiarna an ḟíréantaċt agus an breiṫiúnas i bḟeiḋm: don uile ḋuine dá mbíonn á ḃrú ag an éigeart.

Ṫaispeán sé a ṡliṫe do Ṁaois: a oibreaċa do ċlann Iosrael.

Is lán an Tiarna de ṫrua agus de ṫrócaire: is fadḟulangaċ é, agus is mór a ṁaiṫeas.

Ní ḃeiḋ sé ag ceasaċt i gcónaí: ná ní ċoṫaíonn sé a ḟearg de síor.

Ní ḋearna sé linn mar ṫuill ár bpeacaí: ná ní ṫug sé luaíoċt ár míġníoṁarṫa dúinn.

Óir féaċ a airde agus atá an neaṁ os cionn an talaiṁ: ní mó é ná a ṫrócaire don dream darb eagal é.

Féaċ fós a ḟad agus atá an aird ṫoir ón aird ṫiar: a ċoṁḟad sin a ċuir sé idir sinn agus ár bpeacaí.

Go deiṁin, mar bíonn trua ag an aṫair dá ċlann féin: is aṁlaiḋ bíonn trócaire ag an Tiarna don dream darb eagal é.

Óir is feasaċ dó an t-ábar as a ndearnaḋ sinn: is cuiṁneaċ leis naċ ḃfuil ionainn aċ deannaċ.

Ní ḃíonn laeṫanta an duine aċ mar an bféar: bíonn a ḃláṫ mar ḃláṫ an ṁacaire.



Óir coṁ luaṫ agus ṡéideas an ġaoṫ air, imíonn sé: agus ní aiṫneoiḋ a áit é feasta.

Aċ maireann maiṫeas ṫrócaireaċ an Tiarna go saol na saol don dream darb eagal é: agus a ḟíréantaċt le haġaiḋ clann na clainne.

Le haġaiḋ luċt coimeádta a ċonarṫa: luċt cuiṁniṁ agus cleaċtaiṫe a aiṫeanta.

Tá a ċaṫaoir faoi réir ag an Tiarna ar neaṁ: agus níl ní naċ ḃfuil faoi réim a ríoċta.

Molaigí an Tiarna, a aingeala an Tiarna is tréine cuṁaċt: a ċoṁlíonas a aiṫeanta, agus a ṫugann cluas do ġlór a ḃriaṫar.

Molaigí an Tiarna, a ṡluaiṫe an Tiarna: a ṡeirḃísiġ an Tiarna a ḋéanas a toil.

Molaigí an Tiarna, a oibreaċa uile an Tiarna, i ngaċ áit dá ḃfuil faoina réim: mol an Tiarna, a m'anam.

Glóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

¶ Ansin léanfaiḋ an léaċt atá ar fáil sa ċúigiú caibidil déag den ċéad eipistil le Naoṁ Pól ċun na gCoirinteaċ.

I Coir. 15. 20.

ANOIS atá Críost éiriṫe ó na mairḃ, agus is é céadtoraḋ na ndaoine atá faoi ṡuaiṁneas é. Óir fé mar ṫáiniġ an bás trí an duine, trí an duine is ea ṫáiniġ aiséirí na marḃ freisin. Óir aṁail mar faiġeann gaċ uile ḋuine bás in Áḋaṁ, mar an

gcéanna is ea aṫbeofar gaċ uile ḋuine i
gCríost. Aċ gaċ duine ina roinn féin: Críost
mar ċéadtoraḋ; ina ḋiaiḋ sin na daoine
ḃaineas le Críost, nuair a ṫiocfas sé. Ansin
an deireaḋ, nuair a ḃeiḋ an ríoċt tugṫa suas
aige do Ḋia, an tAṫair; nuair a ḃeiḋ gaċ
ceannas, agus gaċ údarás, agus gaċ cuṁaċt
curṫa ar ceal aige. Óir caiṫfiḋ sé ḃeiṫ ina
rí nó go gcuire sé a naiṁde uile faoina ċosa.
Is é an bás an naṁaid deiriḋ a ċuirfear ar
ceal. Óir, ċuir sé gaċ uile ní faoi smaċt
faoina ċosa. Aċ nuair a deir sé, Atá gaċ
uile ní curṫa faoina smaċt, is léir naċ
mbaineann sin leis an té a ċuir gaċ uile ní
faoina ċeannas. Agus nuair a ḃeas gaċ uile
ní curṫa faoina ċeannas, ansin is ea ḃeas an
Mac féin faoi ċeannas an té a ċuir gaċ uile
ní faoina ċeannas, ar ṁoḋ go mba é Dia Uile
na nUile. Murarḃ é sin é, céard déanfas na
daoine a ḃaistear ar son na marḃ? Mura
n-aiséiríonn na mairḃ ar ċor ar biṫ, Cad ċuige
a mbaistear iad ar son na marḃ? Cad ċuige
dúinne, freisin, seasaṁ i nguais gaċ uair?
Dearḃaím, a ḃráiṫre, ar an mbród atá agam
asaiḃ in Íosa Críost ár dTiarna, go ḃfaiġim
bás gaċ lá. Más le hintinn daonna aṁáin a
ṫroideas le hainṁiṫe allta in Eifeis, céard é
an tairḃe dom, mura n-aiséiríonn na mairḃ?
Iṫimis agus ólaimis, óir ġeoḃaimid bás amáraċ.
Ná meallṫar siḃ: Truaillíonn droċ-ċuideaċta
dea-ḃéasa. Dúisiġí ċun fíréantaċta, agus
ná déanaiġí peaca: óir atá cuid agaiḃ atá
gan aiṫne ar Ḋia: Deirim an méid sin agus
is náire daoiḃ é.



Aċ atá daoine ann adéarfas, Conas a
aiséiríonn na mairḃ? agus cén saġas coirp ina
dtagann siad? A duine díċéillí, an síol
ċuireas tú féin, ní ḃeoiṫear é mura n-éagann
sé: agus an ní ṡíolċuireas tú, ní hé an corp a
ḃeas ann a ċuireas tú, aċ gráinne lom cruiṫ-
neaċtan, b'ḟéidir, nó gráinne arḃair áiriṫe
eile: aċ tugann Dia corp dó de réir a roġa
féin, agus tugann sé a ċorp féin do gaċ síol.
Ní ionann le céile an uile ṡaġas feola: aċ
atá feoil ar leiṫ ag daoine, agus feoil ar
leiṫ ag ainṁiṫe, agus feoil ar leiṫ ag
iasc, agus feoil ar leiṫ ag éin. Atá corp
neaṁaí ann, agus corp talṁaí, freisin: aċ is
ní aṁáin ar leiṫ áille an ċoirp neaṁaí, agus
ní aṁáin eile áille an ċoirp ṫalṁaí. Atá
áille ar leiṫ ag an ngrian, agus áille ar leiṫ ag
an ngealaċ, agus áille ar leiṫ ag na réalta;
óir atá éagsúlaċt áille ag réalta le réalta
eile. Mar sin d'aiséirí na marḃ. Cuirtear
an corp ina ní truaillí; éiríonn sé ina ní
neaṁṫruaillí; cuirtear in easonóir é; éiríonn
sé i nglóir; cuirtear i laige é; éiríonn sé i
neart: cuirtear mar ċorp nádúrṫa é; éiríonn
sé mar ċorp spioradálta. Má tá corp
nádúrṫa ann, tá corp spioradálta ann, freisin.
Mar atá scríofa, An ċéad duine Ádaṁ, ba
anam é ar tugaḋ an ḃeaṫa dó; an tÁdaṁ
deireanaċ, is sprid é a ṫugann an ḃeaṫa
uaiḋ. Aċ ní hé an ní spioradálta ba ṫúisce a
ḃí ann, aċ an ní nádúrṫa; an ní spioradálta
ina ḋiaiḋ sin. Ón talaṁ don ċéad duine,
talṁaí: an Tiarna ó neaṁ an dara duine.
Mar tá an duine talṁaí, is mar sin atá an

ṁuintir ṫalṁaí: agus mar tá an duine neaṁaí, is mar sin atá an ṁuintir neaṁaí, freisin. Agus fé mar ḃíomar i gcosúlaċt an duine ṫalṁaí, beimid i gcosúlaċt an duine neaṁaí, freisin.

Is é rud a deirim, a ḃráiṫre, naċ ḃféadann feoil agus fuil oiḋreaċt ríoċta Dé a fáil; agus naċ mbíonn an truaillíoċt ina oiḋre ag an neaṁtruaillíoċt. Féaċ, insím diamarrún daoiḃ: Ní ċodlóimid uile, aċ cuirfear malairt ċruṫa orainn; i nóiméad, le sméideaḋ súile, le glór an stoic deiriḋ: óir séidfiḋ an stoc, agus éireoiḋ na mairḃ neaṁṫruaillíṫe, agus aṫrófar sinn. Óir ní foláir don ċorp ṫruaillíṫe seo neaṁṫruaillíoċt a ċur uime, agus don ċorp soṁarfa seo doṁarfaċt a ċur uime. Agus nuair ċuireas an corp truaillíṫe seo neaṁṫruaillíoċt uime, agus an corp soṁarfa seo doṁarfaċt uime, tiocfaiḋ ċun críċe an focal atá scríofa, Atá an bás slogṫa i mbua. A ḃáis, cá ḃfuil do ċealg? A uaiġ, cá ḃfuil do ḃua? Is é an peaca cealg an ḃáis; agus is é an dlí neart an ṗeaca. Aċ buíoċas le Dia a ṫugann an bua dúinn trínár dTiarna Íosa Críost. Uime sin, a ḃráiṫre dílse, bíġí diongḃáilte, doċorraiṫe, lándíċeallaċ i gcónaí i ngnó an Tiarna, agus a fios agaiḃ naċ ḃfuil ḃur saoṫar sa Tiarna gan toraḋ.

nó,

1 Teasal. 4. 13.

A ḂRÁIṪRE, níor ṁaiṫ liom siḃ a ḃeiṫ in ainḃios i dtaoḃ na ndaoine atá ina gcodlaḋ, ċun naċ mbeiḋ cuma oraiḃ, mar ḃíos ar ḋaoine eile atá gan dóċas. Óir má ċreidimid gur



éag Íosa agus gur aiséiriġ sé arís, ar an gcuma sin is ea a ṫaḃarfaiḋ Dia in éineaċt leis iadsan a ċodlaíos in Íosa. Óir deirimid é seo liḃ de réir ḃriaṫair an Tiarna, sinne atá beo, atá fágṫa go teaċt an Tiarna, naċ mbeiḋ tosaċ againn orṫusan a ċodlaíos. Óir tiocfaiḋ an Tiarna, ó na flaiṫeasa anuas le gáir, le guṫ an arḋaingil, agus le glór stoic Dé: agus is iad na mairḃ i gCríost is túisce a éireos: ina diaiḋ sin tógfar ċun na néalta in éineaċt leo sinne atá fágṫa beo, ċun dul i ndáil an Tiarna sa spéir: agus beimid mar sin go síoraí i ḃfoċair an Tiarna. Dá ḃrí sin cuirigí misneaċ ar a ċéile leis na briaṫra seo.

¶ Is ceadmhaċ ansin urnaí aṁáin acu seo leanas a rá nó iad araon.

DEONAIĠ, a Ṫiarna, fé mar is rannpáirteaċ trí ḃaiste sinn i mbás do Ṁic ḃeannaiṫe ár Slánaiṫeoir Íosa Críost, gur mar sin a aḋlacfar sinn in éineaċt leis trí ṡíorḋiúltú dár mianta truaillíṫe; agus go ngaḃaimid ṫar an uaiġ, agus ṫar ġeata an ḃáis, ċun ár n-aiséirí lánlúċáirí trína luaíoċtsan, d'éag, agus a aḋlacaḋ, agus d'éiriġ arís ar ár son, do Ṁac Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

DEONAIĠ, a Ṫiarna, dár ċaill a n-aos gráiṫe, meon an ċreidiṁ agus an ṁisniġ, go mbí neart acu faoi ċoinne na laeṫanta atá rompu le diongḃáilteaċt agus le foiġne, gan beiṫ i mbrón ar nós daoine gan dóċas, aċ le cuiṁne buíoċ ar do ṁórṁaiṫeas sna blianta

atá tart, agus dóċas láidir acu le hatṡnaḋmaḋ leo sna flaiṫeasa; agus sirimid é sin ort in Ainm Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

¶ Nuair a ṫagaid ċun na huaiġe, faid is ullmaítear an Corp ċun a leagṫa sa talaṁ, déarfaiḋ an Sagart, nó canfaiḋ an Sagart agus na Cléiriġ,

Níl dá dtagann as broinn mná, naċ gairid a ṡeal ar an saol seo, agus naċ bfaiġeann a ṡá den ḃuaireaṁ. Mar ḃláṫ a tagann sé aníos, agus baintear mar ḃláṫ é; éalaíonn sé mar éalaíos scáil, agus níl seasṁaċt ná buanaḋas ann.

I lár na beaṫa bíonn an bás inár láṫair: agus cé a n-iarraimid caḃair air, cé aċ tú, a Ṫiarna, ar tuill ár bpeacaí d'fearg de réir an ċirt?

Ina ainneoin sin, a Ṫiarna Dia na naofaċta, a Ċoimḋe ċumaċtaiġ, a Ṡlánaiṫeoir is mó naofaċt agus trócaire, ná scaoil sinn le pianta géara goiṁe an ḃáis úd a ḃíos ina ḃás ar feaḋ na síoraíoċta.

Is feasaċ duit, a Ṫiarna, na smaointe is uaigní inár gcroí; ná druid do ċluasa trócaireaċa roiṁ ár n-aċainíoċa; ár gcoimirce ort, a Ṫiarna na naofaċta, a Ċoimḋe ċumaċtaiġ, a Ṡlánaiṫeoir is mó naofaċt agus trócaire, a Ḃreiṫiṁ ṁóir na síoraíoċta, ná lig uait sinn in uair ḋeiriḋ ár saoil, ar son pianta an ḃáis dá ṁéid, ná lig dúinn scaraḋ leat.

¶ Ansin, faid is ḃeiḋ cré á caiteaṁ ar an gCorp ag cuid den ṁuintir atá i láṫair, déarfaiḋ an Sagart,

Ó toiliġ Dia Uileċumaċtaċ anam ár ndil-ḃráṫar [ár ndilṡiúraċ] seo atá séalaiṫe a ġlacaḋ ċuige féin, uime sin, toirḃrímid



a ċolainn [colainn] don talaṁ; cré don ċré, luaiṫ don luaiṫ, deannaċ don deannaċ; i ndóċas daingean, diongḃáilte na haiséirí ċun na beaṫa síoraí, trínár dTiarna Íosa Críost, a aṫrós corp ár n-uṁlóide ċun go mba ċosúil lena ċorp glórṁar féin é, de réir an tsaoṫair neartṁair trína ḃfuil ar a ċumas gaċ uile ní a ċur faoina ċeannas féin.

¶ Ansin déarfar nó canfar,

Ċualas guṫ ó neaṁ á rá liom, Scríoḃ, As seo amaċ is beannaiṫe na mairḃ a éagas sa Tiarna; is ea, deir an Spiorad; óir tá faoiseaṁ acu óna saoṫar. Taisp. 14. 13.

¶ Ansin déarfaiḋ an Sagart,

A Ṫiarna, déan trócaire orainn.
**A Ċríost, déan trócaire orainn.**
A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

Ár nAṫair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do toil ar talaṁ, Mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil tabair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, Mar a ṁaiṫimid dá gcionṫaíonn inár n-aġaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; Aċ saor sinn ón olc. Áiméan.

Sagart.

A Ḋia Uileċumaċtaiġ, go maireann beo farat sprid na ndaoine ṡéalaíos sa Tiarna, agus go mbíonn anamaċa na gcreid-ṁeaċ, tar éis a ḃfuascailte ó ualaċ na colainne,

faratsa i séan agus i sonas; beannaímid do Naoṁ-Ainm faoi do ṡearḃóntaí uile d'ḟág an saol seo i do ċreideaṁ agus id uaṁan; á aċainí ort go mba toil leat, de do ṁaiṫeas ġrámar, líon do ṁuintire tofa a ṫabairt ċun críċe gan róṁoill, agus do ríoċt a luaṫaḋ; ċun go mbí againne, agus acusan a ṡéalaiġ i bfíorċreideaṁ do Naoṁ-Ainm, lánḟoirfeaċt agus lánsonas coirp agus anma i do ḃioṫġlóir ṡíoraí, trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

An Orṫa.

A Ḋia trócairiġ, Aṫair ár dTiarna Íosa Críost, is aiséirí agus is beaṫa ann; ina mbeiḋ beo an té a ċreideas, bíoḋ go n-éagann; agus naċ ḃfaiġiḋ bás síoraí an té atá beo agus a ċreideas ann; a ṁúin dúinn fós, trína Naoṁ-Aspal Pól, gan beiṫ i mbrón, mar ḋaoine gan ḋóċas, faoina ḃfuil ina gcodlaḋ ann; impímid go huṁal ort, a Aṫair, sinn a ṫógáil ó ḃás an ṗeaca go beaṫa na fíréantaċta; ċun go ḃfaiġimid suaiṁneas ann ar n-imeaċt ón saol seo dúinn, fé mar a ḟaiġeann ár mbráṫair [siúr] anseo de réir ár ndóċais; agus, le linn na haiséirí ċoitinn lá an ḃráṫa, go ḃfaiġfear taitneaṁaċ leat sinn; agus go mbronnfar orainn an ḃeannaċt sin a laḃraíos do Ḋilṁac lena dtugann grá agus urraim duit, á rá, Tagaigí, a ċlann ḃeannaiṫe m'Aṫarsa, gaḃaigí an ríoċt atá ullaṁ roṁaiḃ ó ṫús an doṁain; deonaiġ sin, guímid ṫú, a Aṫair ṫrócairiġ, trí Íosa Críost ár nAiġne agus ár ḃfuascailteoir. Áiméan.



Go raiḃ grásta ár dTiarna Íosa Críost, agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoiṁ againn anois agus go bráċ. Áiméan.

¶ Má ṫarlaíonn droċṡíon, beiḋ sé ceadṁaċ an Oifig iomlán seo a rá sa Teampall, aċ aṁáin focail an Ċurṫa in Uaiġ .i. Ó ṫoiliġ Dia Uileċuṁaċtaċ, etc., agus Grásta, etc., adéarfar i gcónaí le taoḃ na huaiġe.

¶ Ar sroiċint na hUaiġe dóiḃ, mura ḃfuil an reilig coisricṫe, déarfaiḋ an Ministir,

A Ṫiarna Íosa Críost, a ċoisriġ id aḋlacaḋ uaiġ ṡaolta; deonaiġ, guímid tú, an uaiġ seo a ḃeannú agus a naoṁú, go mba háit suaiṁnis síoṫaċ í faoi ċoinne coirp do ṡearḃónta; trí do ṫrócaire, a Ṡlánaiṫeoir ḃeannaiṫe, a ṁaireas agus atá i ríoċt fairis an Aṫair agus an Naoṁspiorad, aon Dia trí ṡaol na saol. Áiméan.

# ORD
# AḊLACṪA LEANAÍ
## A ḂAISTEAḊ.

¶ Ar teagṁáil dóiḃ leis an gCorp ag geata na Reilige, agus iad ag siúl roiṁe, pé acu isteaċ sa Teampall, nó i dtreo na hUaige, déarfaiḋ nó canfaiḋ an Sagart agus na Cléiriġ,

IS mise an aiséirí agus an ḃeaṫa, deir an Tiarna: an té a ċreideas ionamsa, cé go ḃfaiġiḋ sé bás, dá ainneoin sin beiḋ sé beo: agus cibé ar biṫ atá beo, agus a ċreideas ionamsa, ní ḃfaiġiḋ sé bás go bráċ.
Nm. Eoin 11. 25, 26.

IS eol dom go maireann m'Ḟuascailteoir, agus go seasfaiḋ sé san am atá le teaċt ar an talaṁ: agus bíoḋ go gcrinnfiḋ piasta an ċolainn seo nuair a ċaitear mo ċraiceann, ó mo ċolainn, áfaċ, feicfead Dia: ar mo ṡon féin a ḟeicfead é, is iad mo ṡúilese dearcfas, agus ní haon duine eile. Iób 19. 25, 26, 27.

NÍ tugamar aon ní linn ċun an tsaoil seo, agus is cinnte naċ féidir linn aon ní ḃreiṫ as. Is é an Tiarna a ṫug uaiḋ, agus is é an Tiarna a ġlac ċuige; go mba ḃeannaiṫe Ainm an Tiarna. 1 Tim. 6. 7; Iób 1. 21.

¶ Ar teaċt isteaċ sa Teampall dóiḃ, déarfar an Salm seo leanas:

Dominus regit me.
Salm 23.

IS é an Tiarna m'aoire: ní féidir easpa d'aon ní ḃeiṫ orm.



Beiḋ mé ar innilt aige i bpáirc féir ġlais: agus beiḋ sé do mo ṡeolaḋ ar ḃruaċ uisce an tsóláis.

Iompóiḋ sé m'anam: agus seolfaiḋ sé go cosáin na fíréantaċta mé as uċt a Ainm.

Siúḋ is go siúlfainn trí ġleann scáile an ḃáis, ní baol dom an t-olc: óir bíonn tusa i mo ċoiṁdeaċt; is iad do ḃata agus do ḃaċall mo ṡólás.

Feisteoiḋ tú bord roṁam ar neaṁċead luċt mo ḃuarta: doirt tú ola ar mo ċeann, agus beiḋ mo ċupán lán.

Aċ beiḋ do ċartanaċt agus do ṫrócaire do mo leanúint ar feaḋ mo ṡaoil agus mo laeṫanta: agus beiḋ mé i mo ċónaí i dteaċ an Tiarna go bráċ.

Ġlóir don Aṫair, agus don Ṁac: agus don Spiorad Naoṁ;

Mar a ḃí ar dtús, mar atá anois, agus mar a ḃeas go bráċ: trí ṡaol na saol. Áiméan.

¶ Ansin leanfaiḋ an léaċt atá ar fáil sa ċeaṫrú caibidil den ċéad Eipistil le Nm. Pól ċun na dTeasalónaċ.

1 Teasal. 4. 13.

A ḂRÁIṪRE, níor ṁaiṫ liom siḃ a ḃeiṫ in ainbios i dtaoiḃ na ndaoine atá ina gcodlaḋ, ċun naċ mbeiḋ cuma oraiḃ, mar bíos ar ḋaoine eile atá gan dóċas. Óir má ċreidimid gur éag Íosa agus gur aiséiriġ sé arís, ar an gcuma sin is ea a ṫabarfaiḋ Dia in éineaċt leis iadsan a ċodlaíos in Íosa. Óir deirimid é seo liḃ de réir briaṫair an

Tiarna, sinne atá beo, atá fágṫa go teaċt an Tiarna, naċ mbeiḋ tosaċ againn orṫusan a ċodlaíos. Óir tiocfaiḋ an Tiarna ó na flaiṫeasa anuas le gáir, le guṫ an ardaingil, agus le glóir stoic Dé: agus is iad na mairḃ i gCríost is túisce a éireos: ina ḋiaiḋ sin tógfar ċun na néalta in éineaċt leo sinne atá fágṫa beo, ċun dul i ndáil an Tiarna sa spéir: agus beimid mar sin go síoraí i ḃfoċair an Tiarna. Dá ḃrí sin cuirigí misneaċ ar a ċéile leis na briaṫra seo.

nó,

Taisp. 21. 3.

Ċualas glór ard ó neaṁ á rá, Breaṫnaiġ, tá pailliún Dé fara daoine, agus cónóiḋ sé ina ḃfoċair, agus beidsean ina bpobal aige, agus beiḋ Dia féin ina ḃfoċairsean; agus ina Dia orṫu. Agus glanfaiḋ Dia gaċ uile ḋeor óna súile; agus ní beiḋ bás ann feasta, ná cuma, ná caoi, agus ní beiḋ a ṫuilleaḋ pianpáise ann: óir ċuaiġ a raiḃ ann ċeana ar ceal. Agus dúirt an té a ḃí ina ṡuí sa ríċaṫaoir, Breaṫnaiġ, déanaim gaċ uile ní as an nua. Agus dúirt sé liom, Scríoḃ: óir is fírinneaċ, dílis na briaṫra seo.

¶ Nuair a ṫagaid ċun na hUaiġe, faid is ullmaítear an Corp ċun a leagṫa sa talaṁ, déarfaiḋ an Sagart, nó canfaiḋ an Sagart agus na Cléiriġ,

Níl dá dtagann as broinn mná, naċ gairid a ṡeal ar an saol seo, agus naċ ḃfaiġeann a ṡá den ḃuaireaṁ. Mar ḃláṫ a ṫagann sé aníos, agus baintear mar ḃláṫ é; éalaíonn



sé mar éalaíos scáil, agus níl seasṁaċt ná buanadas ann.

I lár na beaṫa bíonn an bás inár láṫair: agus cé a n-iarraimid caḃair air, cé aċ tú, a Ṫiarna, ar tuill ár bpeacaí d'ḟearg de réir an ċirt?

Ina ainneoin sin, a Ṫiarna Dia na naofaċta, a Ċoiṁde ċumaċtaiġ, a Ṡlánaiṫeoir is mó naofaċt agus trócaire, ná scaoil sinn le pianta géara goiṁe an ḃáis úd a ḃíos ina ḃás ar feaḋ na síoraíoċta.

Is feasaċ duit, a Ṫiarna, na smaointe is uaigní inár gcroí; ná druid do ċluasa trócaireaċa roiṁ ár n-aċainíoċa; ár gcoimirce ort, a Ṫiarna na naofaċta, a Ċoiṁde ċumaċtaiġ, a Ṡlánaiṫeoir is mó naofaċt agus trócaire, a Ḃreiṫiṁ ṁóir na síoraíoċta, ná liġ uait sinn in uair deiriḋ ár saoil, ar son pianta an ḃáis dá ṁéid, ná liġ dúinn scaraḋ leat.

¶ Ansin, faid is ḃeiḋ an ċré á caiṫeaṁ ar an gCorp ag cuid den muintir atá i láṫair, déarfaiḋ an Sagart,

Ó toiliġ Dia Uileċumaċtaċ anam an linḃ gráiṫe seo, atá séalaiṫe, a glacaḋ ċuige féin, uime sin, toirbrímid a ċolainn [colainn] don talaṁ; cré don ċré, luaiṫ don luaiṫ, deannaċ don deannaċ; i ndóċas daingean, dionġḃáilte na haiséirí ċun na beaṫa síoraí, trínár dTiarna Íosa Críost, a aṫrós ár gcorp soṁarfa, ċun go mba ċosúil lena ċorp glórṁar féin é, de réir an tsaoṫair neartṁair trína ḃfuil ar a ċumas gaċ uile ní a ċur faoina ċeannas féin.

¶ Ansin déarfar nó canfar,

IS iad seo a leanas an tUan cibé áit ina dtéann sé. Agus ni ḃfuartas cealg ina mbéal: óir atáid gan smál i ḃfianaise ríċaṫaoireaċ Dé. Taisp. 14. 4, 5.

¶ Ansin déarfaidh an Sagart,

A Ṫiarna, déan trócaire orainn.
**A Ċríost, déan trócaire orainn.**
A Ṫiarna, déan trócaire orainn.

ÁR nAtair, atá ar neaṁ, go naofar d'Ainm. Go dtaga do ríoċt. Go ndéantar do toil ar talaṁ, mar a ḋéantar ar neaṁ. Ár n-arán laeṫúil tabair dúinn inniu. Agus maiṫ dúinn ár gcionta, mar a maiṫimid dá gciontaíonn inár n-agaiḋ. Agus ná lig sinn i gcaṫú; aċ saor sinn ón olc. Áiméan.

¶ Ansin déarfaidh an Sagart ceann aṁáin de na hOrtanna seo leanas, nó iad araon:

A ṪIARNA Íosa Críost, a ġlac leanaí beaga id uċt agus a ḃeannaiġ iad; Oscailse ár súile, guímid ṫú, i dtreo go dtuigimid gur ġlacais an leanḃ seo in uċt do ġrá, agus gur ḃeannaís é [í] le beannaċta do ċaoinċineáltais; ṫusa, a ṁaireas agus atá i ríoċt leis an Aṫair agus leis an Naoṁspiorad, Aon-Dia, trí ṡaol na ṡaol. Áiméan.

A ḊIA, a ḟoinse na beaṫa, gur ḋiaṁair do ṡliġte agus gur éaċtaċ do ṡaoṫar; naċ gcruṫaíonn ni ar biṫ gan aird, agus a ḃfuil



grá agat dár ċruṫaíḃ; tabair sólás d'anamaċa do ṡeirḃíseaċ agus iad faoi léan le cuṁa i ndiaiḋ ḃáis an linḃ seo; agus deonaiġ go mba hé méid a ngrá agus a ḃfónaim duit aḃus, go ḃfaiġid in éineaċt leis [léi] faoi deoiḋ coṁlíonaḋ do ġealltanas, agus go n-éadaítear in iomláine do ġlóire iad i do ríoċt ṡíoraí; trí luaíoċt do Ṁic, ár Slánaiṫeoir Íosa Críost. Áiméan.

GO raiḃ grásta ár dTiarna Íosa Críost, agus grá Dé, agus cumann an Spioraid Naoiṁ againn anois agus go bráċ. Áiméan.